An Coimisiún
Eorpach

# 45 SCÉAL




45 SCÉAL INSPIORÁIDEACHA LE CEILIÚRADH A DHÉANAMH AR
45 BLIAIN DE BHALLRAÍOCHT NA hÉIREANN SAN AONTAS EORPACH



SCÉAL

# Inneachar

RÉAMHRÁ . . . 4

CÚRSAÍ CULTÚIR . . . 5

OIDEACHAS AGUS TAIGHDE . . . 8

AN POBAL . . . 12

CÚRSAÍ SLÁINTE . . . 16

AN TALMHAÍOCHT/AN tIASCACH . . . 19

CÚRSAÍ IOMPAIR . . . 25

CÚRSAÍ GNÓ . . . 29

AN COMHSHAOL . . . 33

AN TOMHALTÓIR . . . 37

ÉIRE OS COMHAIR AN tSAOIL MHÓIR . . . 40



# Réamhrá

Níl formhór phobal na hÉireann aosta go leor le cuimhneamh ar an saol a bhí in Éirinn sular ghlacamar le ballraíocht san Aontas Eorpach 45 bhliain ó shin.

Gan aon amhras, ba í sin an chéim ba mhó a ghlac an tír ó bhain sí neamhspleáchas amach mar náisiún, mar sin tá i bhfad níos mó ná 45 chúis againn le ceiliúradh a dhéanamh ar ár mballraíocht i gcomhluadar náisiúin na hEorpa. A bhuí lenár mballraíocht san Aontas Eorpach, tá feabhas tagtha ar bheagnach gach uile ghné de shaol na hÉireann – ár modhanna oibre, taistil agus siopadóireachta, cáilíocht ár gcomhshaoil, ár ndeiseanna foghlama agus an tslí a gceannaíonn agus a ndíolann lucht gnó a gcuid earraí agus seirbhísí. De bharr bhallraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach, éascaíodh go mór an t-athrú ón ngeilleagar traidisiúnta, rud a bhí bunaithe ar an talmhaíocht, ina gheilleagar nua-aimseartha atá dírithe go mór ar thionscail ardteicneolaíochta agus ar onnmhairí domhanda.

Toisc gur cuid de Mhargadh Aonair an Aontais sinn, is fusa do ghnólachtaí na hÉireann trádáil a dhéanamh ar mhargaí Eorpacha agus idirnáisiúnta araon, agus toisc gurb é an Euro an t-airgeadra atá againn, is fusa dúinn táirgí a onnmhairiú agus dul ag taisteal san iasacht. Agus ní hé go ndearnadh dearmad ar an seantraidisiún feirmeoireachta atá in Éirinn óir ba mhór an leas d'earnáil talmhaíochta na hÉireann na híocaíochtaí a tháinig ón Aontas.

Idir 2007 agus 2013, a bhuí leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT), stealladh €11.7 billiún leis an earnáil talmhaíochta agus na ceantair thuaithe, agus déanfar €11 bhilliún sa bhreis a infheistiú le linn na tréimhse dar críoch 2020. Le linn na clárthréimhse 2014-2020, bainfear úsáid as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta an Aontais Eorpaigh, mar aon le maoiniú ó Rialtas na hÉireann agus ó Údaráis Áitiúil, chun €6.2 billiún a infheistiú in Éirinn. Cabhróidh sé sin chun íoc as tionscnaimh oideachais agus taighde, agus as cruthú post ionas gur féidir geilleagar sláintiúil, inmharthana a chothú ar fud na tíre ar fad.


Tugann reachtaíocht an Aontais Eorpaigh cosaint don chomhshaol ar an athrú aeráide. Tugann tionscnaimh an Aontais Eorpaigh tacaíocht do phobail tuaithe agus do phobail chósta na hÉireann. Is mór a chabhraigh maoiniú ón Aontas Eorpach le caighdeáin oideachais na hÉireann a fheabhsú, agus chruthaigh sé a lán deiseanna le dul ag staidéar ar an mór-roinn. Rud eile de, is féidir le saoránaigh na hÉireann dul chun cónaithe agus dul ag obair faoi shaoirse in aon Bhallstát de chuid an Aontais toisc gur saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh iad.

Ina theannta sin, is amhlaidh atá muintir na hÉireann ar aon stádas le chéile a bhuí lenár mballraíocht san Aontas Eorpach. Tá an comhionannas idir na fir agus na mná ar cheann de bhunphrionsabail dhlí an Aontais Eorpaigh, agus is mór an feabhas atá tagtha ar shaol na mban in Éirinn ó ghlac Éire ballraíocht i CEE in 1973. Chun cheiliúradh a dhéanamh ar na 45 bliana de bhallraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach, chuireamar 45 scéal i dtoll a chéile ina léirítear cuid de na bealaí a ndeachaigh ballraíocht na hÉireann san Aontas chun tairbhe di le 45 bliana anuas.

Mise le meas



Gerry Kiely
Ceannasaí Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn





## CULTÚR

# Tá todhchaí Phort Láirge chomh glan leis an gcriostal

An bunús atá le táirgeadh an chriostail i bPort Láirge, is féidir a rianú siar go dtí an t-ochtú haois déag, agus bhí tráth ann ina raibh post ag breis agus 3,000 duine ann dá bharr. In 2009, nuair a dúnadh áis déantúsaíochta Waterford Crystal, ba mhór an buille é sin do réigiúin thoir theas na hÉireann, ní nach ionadh.

Cailleadh breis agus 600 post ann, agus d'fhág tionchar an bhuille sin a rian ar an turasóireacht sa réigiún ar fad. Le linn na tréimhse a lean an dúnadh, rinne an Coimisiún Eorpach iarratas a bhí curtha isteach ag Éirinn isteach ar chuidiú ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) a fhaomhadh. Ba iad na 598 oibrí i dtionscail na gloine criostail is measa a buaileadh nuair a briseadh as a bpost iad, Leithdháileadh deontas breis agus €2.5 milliún mar chuidiú dóibh le go bhféadfaidís poist nua a fháil.

Mar sin féin, ní thabharfadh muintir Phort Láirge le rá go raibh an cháil a bhí bainte amach le dua ag an gCathair ar an tairgeoir an chriostail is deise ar domhan, go raibh an cháil sin caillte aige, agus mar sin de, shocraigh Comhairle Chathair Phort Láirge plean a fhorbairt chun ionad monaraíochta criostal agus cuairteoirí a athbhunú i gCathair Phort Láirge.

Bhí traidisiún agus cáilíocht na ceardaíochta ann cheana féin mar aon le dea-cháil na cathrach maidir leis an gceird sin, agus bhí Ciste Forbraíochta Réigiúnaí an Aontais ann chun cuid den chostas a dhíol. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal roinnt foirgneamh a bhí buailte ar a chéile a athchóiriú mar an ionad deantúsaíochta agus cuairteoirí, siopa miondíola san áireamh.

Bhí foirgneamh cosanta i measc na bhfoirgneamh athchóirithe, agus bhí cúram ar leith le déanamh den fhoirgneamh sin. I ndeireadh na dála is é rud é gur cuireadh feabhas ar an gcuma thionsclaíoch ar fhoirgneamh a bhí ina ghráinseach ar beagán dealraimh tráth den saol, feabhas nach dtabharfadh duine aon suntas dó. Baineadh dhá urlár a raibh síleáil an-íseal orthu, rud a d'fhág spásanna taispeántais fairsinge breátha agus ba rud fíorthábhachtach é clós páirceála a bhí mór a dhóthain a bheith ann ó tharla an t-ionad nua a bheith lonnaithe i gceartlár Chathair Phort Láirge.

Osclaíodh Waterford Crystal don phobal i mí an Mheithimh 2010, nuair nach raibh ach 18 mí ann ón uair a dúnadh an mhonarcha, agus sa chéad bhliain tháinig 70,000 cuairteoir ag triail ar an ionad, rud a léirigh an rath a bhí ar an tionscadal.

Ina theannta sin, bhí tionchar iarmhartach dearfach ar ghnólachtaí eile sa réigiún, agus tá Port Láirge ina cheartlár mór criostail den scoth feasta.

Tá cuairteoirí in ann eolas a chur ar stair cheird déanta an chriostail ar an mbaile, agus is féidir leo é a fheiceáil agus é á dhéanamh ó sheomra go seomra, seomraí ina léirítear céimeanna difriúla na ceirde ar nós séideadh, múnlú, gearradh, dealbhóireacht agus greanadóireacht.

Ba é €5,520,000 costas iomlán tionscadal The House of Waterford Crystal, agus chuir Ciste Forbraíochta Réigiúnaí an Aontais rannchuidiú luach €2,760 000 leis sin faoin gClár Oibreacháin Réigiúnach Theas agus Thiar (S&E) 2007-13.





SCÉAL





## CULTÚR

# Ar aghaidh faoi lán gaile le Teach an Choire

Le linn na 1960í, nuair a tógadh bruachbhaile Bhaile Munna mar fhreagairt don drochbhail a bhí ar thionóntáin na cathrach, moladh go hard é mar eiseamláir do rogha na stíle maireachtála a bheadh ann san am a bhí le teacht. Bhí sé ar an gcéad scéim mórairde in Éirinn agus ina theannta sin bhí an chéad ionad siopadóireachta i dtuaisceart na cathrach san eastát, mar aon lena linn snámha féin agus leabharlann phoiblí. Má bhí féin, ba é an díol suntais sa cheantar sna blianta ina dhiaidh sin an simléar ard a bhí ar theach an choire. Bhí stríoca bána agus dearga ar a bharr agus ní bheadh súil le duine go ndéanfaí sainchomhartha mór an cheantair de, ach mar sin féin tá muintir an cheantair chomh ceanúil céanna air is atá an mhuintir lena mbaineann stáisiún cumhachta an Phoill Bhig an taobh theas de Bhaile Átha Cliath.

Tugadh i gcrích in 1966 é, agus bhí teach an choire ar an scéim téimh chathartha ba mhó in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe óir baineadh úsáid as taiscumar 200,000 lítear chun téamh faoi urlár a sholáthair do na 3,000 árasán i mBaile Munna. Ina dhiaidh sin is uile, nuair a socraíodh na hárasáin a leagan go talamh mar chuid d'athfhorbraíocht mhór ar an gceantar, ní raibh feidhm a thuilleadh ag teach an choire agus bhí sé i ndán dó go dtarraingeofaí anuas é chomh maith céanna.

In 2011, chuaigh tionscadal áitiúil The Rediscovery Centre in éineacht le Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath i muinín na hEorpa agus iad ag lorg maoinithe chun an foirgneamh a choinneáil. De thoradh iarratas ar dheontas in 2014 chuig clár an Aontais LIFE, cuireadh €3.6 milliún ar fáil le haghaidh tionscadail atá cruthaitheach agus gan díobháil don chomhshaol ann, tionscadal ar a dtugtar WISER LIFE (tionscadail ina ndéantar athchóiriú ar spásanna tionsclaíocha).

Baineadh leas as an maoiniú chun foirgneamh 'téacsleabhair 3T' fréamhshamhala a dhéanamh de theach an choire, foirgneamh atá ceaptha chun a bheith ina dhíol fiosrachta agus chun stíl mhaireachtála inbhuanaithe a chur chun cinn.


Tá an athchúrsáil mar bhunchloch mhisean thionscadal Rediscovery Centre, agus mar sin úsáideadh péint a fuarthas ó ionaid athchúrsála sa cheantar le linn na hoibre atógála. Rinneadh troscáin agus fearais a bhí le caitheamh i láithreán líonadh talún a uaschúrsáil agus a athúsáid chun barr feabhais a chur ar an bhfoirgneamh.

Teach an choire, teach a sholáthraigh teas agus uisce te do mhuintir Bhaile Munna ar feadh leathchéad bliain, is spás cruthaitheach ceannródaíoch atá ann anois, spás ina mbailítear daoine le chéile, mar aon le hacmhainní agus físeanna.

Is ionad barr feabhais atá ann maidir le forbairt inbhuanaithe, áit a reáchtáiltear ceardlanna cruthaitheacha, siopa éiceolaíochta, oideachas, oiliúint, spás imeachtaí agus caife glas atá ina eiseamláir den athúsáid agus den inbhuanaitheacht. Ina theannta sin, tá cláir oiliúna pobail ann le haghaidh daoine ón gceantar atá dífhostaithe go fadtéarmach, agus is ann atá ceithre cinn d'fhiontair shóisialta lonnaithe; Rediscover Fashion, Rediscover Furniture, Rediscover Paint agus Rediscover Cycling.

Is í an Dochtúir Sarah Miller, príomhfheidhmeannach Rediscovery Centre agus bainisteoir WISER LIFE, a mhínigh cuspóirí an tionscadail.

*"Tá sé d'aidhm againn dea-eiseamláir a leagan amach de spás oideachasúil ceannródaíoch ina gcuirfear chun cinn timpeallacht fhisiceach a úsáidfear mar théacsleabhar 3T, timpeallacht ina léireofar dea-chleachtas maidir le hathúsáid, agus ina dtaispeánfar an bealach chun an Eoraip a bheith tíosach ar acmhainní,"* ar sise.





SCÉAL

## CULTÚR

# Caomhnú na staire, fiú más brónach

Nuair a cheannaigh Jim Callery eastát príobháideach Strokestown Park in 1979, ní hamháin gur chaomhnaigh sé gné de stair an cheantair, ach leag sé amach bunsraith músaem ina ndéantar scéal faoi cheann de na tréimhsí is tragóideacha in Éirinn a insint.

San am a bhí Strokestown Park i mbarr a réime, bhí na 27,000 acra talún i Ros Comáin a bhain leis ligthe ar cíos le tionóntaí feirme, agus leas maith á bhaint acu as. Nuair a bhris Gorta Mór na mblianta 1845-1852, is é Denis Mahon a bhí ina thiarna talún, fear a bhí lonnaithe a bheag nó a mhór i Londain, agus chuir sé ar a chuid tionóntaí an bád bán a thabhairt orthu féin. Is ar chuid de na longa báis ba mheasa a d'imigh mórán acu leo. Is amhlaidh a d'íoc Mahon go daor as a chuid aineolais mar bhí sé ar an gcéad tiarna talún a feallmharaíodh le linn thréimhse an Ghorta Mhóir, tréimhse ina bhfuair breis agus milliún duine bás den ocras.

Tionóntaí de chuid Strokestown Park a bhí i sinsir Jim Callery, agus bíodh gurbh eastát mór le rá a bhí ann tráth den saol, faoin am a fuair Calley seilbh air bhí drochbhail amach is amach ar an áit.

Den chuid is mó, is ar an daonchairdeas príobháideach a coinníodh an réadmhaoin ar feadh breis agus 35 bliain, é sin agus le cuidiú óna ghnólacht gluaisteáin Westward Group. Anuas ar mhaoiniú ón Aontas Eorpach, chaith sé na milliúin as a phóca féin chun an teach agus na gairdíní a bhaineann leis a athchóiriú mar mhúsaem an Ghorta Mhóir in Éirinn.

A bhuí lena dhúthracht i leith cúis nárbh fhiú bacadh leis dar le go leor, caomhnaíodh stair breis agus 300 bliain sa teach, mar aon leis na mílte doiciméad a bhaineann leis an eastát féin agus a thugann léargas as an ngnách ar stair na hÉireann.

Sa lá atá inniu ann is croí-ionad gníomhaíochtaí faoi bhláth é Strokestown Estate, áit ina gcuirtear oideachas ar fáil, ma raon le fostaíocht agus ábhar siamsa don réigiún máguaird. Tá an tionscadal athchóirithe ar an mbeart daonchairdis phríobháidigh is mó ar son na hoidhreachta a rinneadh in Éirinn lenár linn, agus in 2017 fógraíodh gurbh ar Jim Callery a bhí Duais Oidhreachta Cultúrtha AE/Duaiseanna Europa Nostra 2017 le bronnadh as Díograis na Seirbhíse a rinne sé.

Meastar gurb é an onóir is airde i réimse na hoidhreachta cultúrtha é.



# Daoine cumasacha á mealladh go Sligeach ag The Model

Seanscoil mainicíneachta i Sligeach, tá sé anois ina háit ina bhfoghlaimíonn daoine ón gceantar agus daoine ó na ceithre harda conas leas mór a bhaint as na healaíona comhaimseartha. In 1862 a tógadh foirgneamh The Model agus seo anois é athraithe ina lár-ionad ceannródaíoch ealaíne, ceoil agus scannánaíochta de chuid na hÉireann. Is ann atá Bailiúchán Niland freisin.


Is leabharlannaí as an gceantar í Nora Niland a bhfuil clú agus cáil uirthi, agus is ise a thionscain an bailiúchán ina bhfuil saothair le John agus Jack B Yeats, Estella Solomons, Paul Henry, Louis le Brocquy agus ealaíontóirí nach iad. Is ceart agus iomchuí bailiúchán tábhachtach den chineál sin a chur ar taispeáint i suíomh den chéad scoth, agus sin é go díreach atá i gceist le The Model.

In 2000, mar thoradh ar chomhpháirtíocht eisceachtúil idir Comhairle Contae Shligigh, Bardas Shligigh agus eagras deonach ealaíon an bhaile, cuireadh tús leis an athrú ó sheanscoil thréigthe ón 19ú haois go dtí an lár-ionad ealaíon bríomhar atá ann inniu. Beagnach deich mbliana ina dhiaidh sin, thug an Chomhairle a beannacht don dara thionscadal maidir le síneadh a chur leis an bhfoirgneamh, rud a chuir trian sa bhreis lena mhéid. D'fhág an síneadh nua go bhfuil radhairc bhreátha ar bhaile Shligigh agus ar Chontae Shligigh ó na stiúideóanna ealaíne agus go bhfuil spás léirithe saincheaptha iontu. D'fhág sé freisin gur cruthaíodh cuairt mhór do chuairteoirí sa ghailearaí chomh maith le bialann, seastán caife agus siopa leabhar.

Maidir le maoiniú don obair seo, fuarthas cuidiú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa trí bhíthin Chlár Oibreacháin Réigiúnach BMW. "The Model, Home of the Niland Collection" an t-ainm oifigiúil atá ar an bhfoirgneamh, agus bíonn cuairteoirí ó gach carn den domhan ag triall air, ealaíontóirí comhaimseartha mór le rá ina measc. "Tá sé ar na gailearaithe is áille ar domhan," arsa an t-ealaíontóir, file agus ceoltóir mór le rá Patti Smith i dtaobh The Model, agus in 2006, ghlac sí le cuireadh pictiúir dá cuid a chur ar taispeáint agus dánta dá cuid a rá ann.

Tá clár bríomhar ceoil ag The Model a bhfuil meascán eicléictiúil den cheol comhaimseartha agus den cheol clasaiceach mar chuid de. Chomh maith le sin, léiríonn sé an fhéile Sligo New Music Festival, agus tugann sé tacaíocht don fhéile Sligo Festival of Baroque Music.





## OIDEACHAS AGUS TAIGHDE

# Foinse cumhachta, cumhacht na gcadhnraí

Níl duine againn nár tharla seo dó: chuir tú do lámh i do phóca faoi dhéin do ghutháin chun glao a dhéanamh, ríomhphost a sheoladh nó torthaí cluiche a fháil, agus cad é an scéal ach an ceallra a bheith ídithe. Ainneoin go bhfuil an teicneolaíocht ag réabadh léi chun cinn, tá na gléasanna a bhfuilimid ina dtuilleamaí srianta ar an ábhar nach bhfuil an dul chun cinn céanna déanta ó thaobh cumhacht na gceallraí de.

Ach seans go bhfuil athrú chun teacht ar an scéal sin, óir seo anois an tOllamh Valeria Nicolosi atá ag gabháil ar thosach taighde cheannródaíoch le hAMBER, lárionad atá á chistiú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus é lonnaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. D'éirigh leis an Ollamh Nicolosi €2.5 milliún a fháil ó Dheontais Chomhdhlúiteora na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC) le haghaidh a tionscadail 3D2DPrint arb é is aidhm dó cineál nua de cheallra fíor-fhadtréimhseach a cheapadh.

Beidh fáil ar cheallra an Ollaimh Nicolosi faoi gach uile chruth agus toirt, agus féadfar gach uile chraiceann a chur air lena cheilt. Ní thógfaidh sé ach cúpla nóiméad chun na ceallraí a luchtú, agus féadfar iad a neadú i mball éadaigh nó laistigh den chásáil ar ghléas móibíleach.

Is féidir iad a ionchlannú i gcolainn an duine, agus bíodh gur chéim iomarcach isteach i réimse an fhicsin eolaíochta a bheadh ansin dar leat, d'fhéadfaí na ceallraí sin a úsáid chun gléas a chumhachtú den chineál a dhéanann faireachán ar do shláinte i ngan fhios duit féin fiú amháin. Na ceallraí "cliste" atá an tOllamh Nicolosi agus a foireann a thabhairt chun cinn, is amhlaidh a tharraingíonn siad fuinneamh óna bhfuil timpeall orthu, rud a chiallaíonn gur á luchtú féin a bhíonn siad.

Nana-ábhair 2T agus próisis phriontála 3T, is féidir na ceallraí a shaincheapadh le haghaidh gléasanna ar nós uaireadóirí cliste corpacmhainne 3T-phriontáilte nó gléasanna cardiacha ionchlannaithe.

Faoi stiúir an Ollaimh Nicolosi, tá líon na foirne méadaithe ó thriúr go 25 ón uair a fuair sí an chéad deontas tionscnaimh ERC in 2011.

*"Bhí tábhacht ar leith leis na deontais ERC a tugadh dom, ní hamháin chun ár gcuid taighde a chistiú agus chun cur leis an bhfoireann, ach chun dul i gcion ar lucht maoinithe eile, agus chun dul i gcomhpháirtíocht le fiontair ilnáisiúnta mhóra,"* ar sise.

*"Más ea, is é an rud is tábhachtaí go gcuirfidh na deontais seo ar ár gcumas tabhairt faoin gcéad chéim eile dár gcuid taighde – más le ceadúnú teicneolaíochta a fháil é, nó le gnólacht nua a chur ar bun."*







## OIDEACHAS AGUS TAIGHDE

# Infheistíocht i dTodhchaí na hÉireann

Tá Scoil Speisialta Naomh Criostóir ar cheann de bhreis agus 70 scoil in Éirinn atá ag baint leasa as infheistíocht €200 milliún de mhaoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI).

Tá an scoil neamh-shainchreidmheach sin, scoil atá lonnaithe ar Bhóthar an Bhataire, ag freastal ar pháistí idir 4-18 mbliana d'aois atá faoi mhíchumas foghlamtha measartha ginearálta.

Tá dhá rang speisialta sa scoil; rang do dhaltaí a bhfuil Neamhord de chuid Speictream an Uathachais orthu agus rang eile dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama tromchúiseacha nó diana acu.

Tá Curaclam éagsúil sa scoil a fhreagraíonn do riachtanais aonair gach páiste, curaclam a bhfuil scileanna acadúla, scileanna sóisialta agus scileanna siamsaíochta mar chuid de.

An cur chuige foghlama atá ann, is ar an scoláire atá sé dírithe, agus déantar sin a athchóiriú ar mhaithe le gach páiste ar leith ionas gur féidir leo lán a gcumais a bhaint amach.

An iasacht BEI thar thréimhse 25 bliana sin, tá sí ar an infheistíocht is mó dár tugadh riamh do scoil in Éirinn. D'úsáid an Roinn Oideachais agus Oiliúna an t-airgead chun clár níos fairsinge €530 milliún a mhaoiniú, clár atá ag dul chun tairbhe do 44,000 dalta i 71 scoil, idir dhaltaí bunscoile, dhaltaí meánscoile agus dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Tá níos mó sa mhaoiniú sin ná infheistíocht i mbrící agus moirtéal; comhartha atá ann go bhfuil muinín againn as todhchaí na hÉireann agus as daoine óga na tíre ar fad. Tá mic Léinn ollscoileanna na hÉireann ag baint tairbhe as maoiniú ó BEI freisin.

Tá banc an Aontais Eorpaigh ag cur €60 milliún ar fáil chun campas Ollscoil na Gaillimhe a fhorbairt, agus beidh árais chónaithe nua do mhic léinn agus foirgneamh nua don Choláiste Leighis mar chuid den fhorbairt sin, mar aon le Banaltracht na hEolaíochtaí Sláinte.

Go nuige seo, tá tacaíocht tugtha ag BEI d'infheistíocht champais sna seacht gcomhalta de Chumann Ollscoileanna Éireann. Le blianta beaga anuas, tá infheistíochtaí maoinithe aige atá ag cur feabhais ar theagasc, ar thaighde agus ar shaoráidí na mac léinn i gColáiste na Tríonóide, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Mhá Nuad agus Ollscoil Luimnigh.

Anuas air sin, d'fhaomh BEI €110 milliún chun tacú le campas Ollscoil Teicneolaíochta nua Bhaile Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin a comhdhlúthú, agus san am i láthair tá an Banc ag scrúdú maoinithe bhreise chun infheistíocht a dhéanamh in institiúidí tríú leibhéil eile in Éirinn.

I gcaitheamh na ndeich mbliana a d'imigh tharainn, chuir BEI €1.2 billiún ar fáil chun infheistíocht a dhéanamh san oideachas ar fud na hÉireann.





SCÉAL

## OIDEACHAS AGUS TAIGHDE

# Bia na firmininte

Seantraidisiún de chuid na hÉireann is ea an fheirmeoireacht, rud is féidir a rianú siar na mílte bliain, agus is ceart agus is iomchuí Éire a bheith ag páirteach i bhforbairt na talmhaíochta le haghaidh pláinéad eile agus sa chianspás. Sin é go díreach an gnó atá ar bun ag lárionad taighde Controlled Environment Laboratory for Life Sciences (CELLS) ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (LIT).

Ó bhí 2009 ann, tá CELLS ag saothrú plandaí atá ceaptha le cur ag fás agus le hithe taobh thall den domhan. B'fhéidir go gcuirfidh an taighde ar a gcumas do na glúnta atá le teacht dul ag taisteal sa spás agus maireachtáil ann ar feadh tréimhsí fada, ach tá buntáistí ann freisin don ghlúin atá thuas anois, clann úd an Talaimh.

> Is í Michelle McKeon Bennett príomhimscrúdaitheoir CELLS, agus is mar seo a mhínigh sí an scéal: *"Mar chuid dár gcuid taighde, déanaimid imscrúdú ar an dóigh ar féidir le plandaí fás go bisiúil sa spás, agus tá feidhm breise leis an taighde céanna le timpeallachtaí ar an Talamh nach bhfuil iontu ach acmhainní teoranta."*

In 2012 a thosaigh an tAontas Eorpach ar thacaíocht a thabhairt don taighde, tráth a thug sé cistiú do chomhaltacht shinsearach dhá bhliain faoi chlár scoláireachta IFF Marie Curie chun Dr Gary Stutte a athlonnú ó Space Life Science Laboratory, Ionad Spáis Kennedy, Florida go dtí Lárionad Taighde CELLS.

Agus é ar thús cadhnaíochta i leith na dtimpeallachtaí rialaithe hidreaponach-bhunaithe, na talmhaíochta spáis agus na gairneoireachta, is í "an talmhaíocht spáis" is ábhar taighde dó. Anuas air sin, bhí sé ag obair ar an tionscadal PESTO (Oibríocht Tástála Chóras Turgnamh Fótaisintéise) – a meastar gurb é an turgnamh i leith fás plandaí is casta dá ndearna an tÚdarás Náisiúnta um Aerloingseoireacht agus um Spás (NASA) sa spás riamh. Ó 2015 i leith, is comhpháirtí é grúpa CELLS, a bhaineann le LIT, sa chuibhreannas EDEN ISS, ar cistíodh é faoi Fís 2020, Clár Maoinithe de chuid an Aontais Eorpaigh.

Cuireadh de chúram ar EDEN ISS teicneolaíochtaí nua a fhorbairt i leith bia sábháilte inbhuanaithe a tháirgeadh ar féidir é a úsáid ar an ngealach agus ar Mhars. Mar chuid den obair seo, seoladh foireann ar aistear dhá mhí chuig an Antartach an 31 Deireadh Fómhair 2017 faoin tionscadal Future Exploration Greenhouse.

Is de thosaíochtaí an tionscadail aischur talmhaíochta na saoráide a thástáil i dtimpeallacht ródhian ata inchomparáide leis na timpeallachtaí atá ann ar na reanna is cóngaraí dár bpláinéad féin.

An rath a bhí ar thaighde eolaíoch a rinneadh le linn thionscadail de chuid CELLS, chuir sé sin ar chumas Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh freastal níos fearr a dhéanamh ar mhic léinn, ar thionscal agus ar shaoránaigh na hÉireann, agus ar shaoránaigh taobh amuigh d'Éirinn.



# An Pláinéad á chosaint ag muintir Liatroma

Tá eagras neamhrialtasach lonnaithe i gContae Liatroma i mbun feachtasaíochta chun Éire, an Eoraip agus an chuid eile den domhan a chosaint ar bhagairtí a chuirfeadh todhchaí ár bpláinéid i mbaol. Bunaíodh Good Energies Alliance Ireland (GEAI) in 2011, agus cuireann sé chun cinn éifeachtúlacht fuinnimh, tacaíonn le foinsí fuinnimh in-athnuaite agus eagraíonn feachtais comhshaoil.

Tá an scéal faoi obair GEAI scaipthe i bhfad i gcéin ó Bhaile na gCléireach mar a bhfuil sé lonnaithe, toisc gur eagras é atá creidiúnaithe ag clár an Aontais Erasmus+, toisc go bhfáiltítear roimh oibrithe deonacha de chuid Seirbhíse Deonaí Eorpaí (EVS) agus toisc go ndéanann sé tionscadail EU Youth Democracy a chomhordú.

Bíonn an t-eagras ag stocaireacht agus ag cur comhairle ar lucht déanta cinntí ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal náisiúnta i dtaobh beartas maidir leis an gcomhshaol, agus oibríonn sé i gcomhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil eile in Éirinn agus ar an gcoigríoch araon. I mbliana, in aitheasc uaidh ag ceann d'imeachtaí na Náisiún Aontaithe, labhair stiúrthóir GEAI Aedín McLoughlin faoi ról na mban faoin tuath san fheachtas in aghaidh scoilteadh hiodrálach agus faoi chumhachtú na mban céanna.

*"Dar leis an lucht eagraithe, d'fhéadfadh an feachtas Éireannach in aghaidh scoilteadh hiodrálach a bheith ina theimpléad ag feachtais ar fud na cruinne,"* ar sise.


*"B'iontach an rud an deis a bheith againn ár bhfeachtas a chur ar a súile don saol mór. Feachtas ab ea é ar cuireadh tús leis faoin tuath i Liatroim, feachtas ar tháinig coisíocht chomh maith sin faoi gur imir sé tionchar ar an Rialtas nó gur chinn siad d'aon ghuth toirmeasc a chur ar an scoilteadh hiodrálach in Éirinn."*


Tá GEAI ag cur lena ghníomhaíochtaí faoi chuimse an chlár Erasmus+, óir tá Éireannaigh óga á seoladh chuig an gcoigríoch acu mar oibrithe deonacha agus iad á n-óstáil acu freisin.

*"Ar fud na hEorpa, táimid go léir ag tabhairt aghaidhe ar na fadhbanna céanna. Tá sé cloiste go breá soiléir ag oibrithe óga deonacha na hEorpa - ní bheidh an bua againn sa troid in aghaidh an athrú aeráide ach amháin má oibrímid as lámha a chéile,"* arsa Aedín.



SCÉAL





## OIDEACHAS AGUS TAIGHDE

# Clár den scoth le haghaidh na mac léinn

Níl aon amhras ach go dtugann an taisteal tuiscint níos fearr don duine ar an saol, agus cuireann Erasmus+ ar a gcumas do mhic léinn na hÉireann cur lena dtuiscint ar chúrsaí an tsaoil agus iad i mbun staidéir ar an gcoigríoch.

Clár an Aontais maidir le hoideachas, oiliúint, óige agus cúrsaí spóirt, cuireann sé taithí luachmhar ar fáil do mhic léinn, rud a chuireann lena gcuid féinmhuiníne, mar aon le deiseanna de gach sórt a thabhairt dóibh ar fud na hEorpa.

Le hocht mbliana anuas, tá Coláiste Breisoideachais an Teampaill Mhóir (TCFE) i gCo. Tiobraid Árainn ag féachaint chuige go mbainfidh a cuid mac léinn lán tairbhe as Erasmus.

Tá comhordaitheoir an chláir Siobhán Keating ann ó thús ama, agus is maith atá a fhios aici an tairbhe atá le baint as. Iar-oibrí TF is ea í. Roimhe sin, bhí sí ag múineadh ag TCFE dhá huaire an chloig in aghaidh na seachtaine nuair a iarradh uirthi lámh chúnta a thabhairt le clár Erasmus sa choláiste.

> *"Bhí mé ar bís mar gheall air sin mar ghlac mé féin páirt sa chlár Erasmus nuair a bhí mé ar an gcoláiste, mar sin bhí a fhios agam cé chomh hiontach is a bhíonn sé mar thaithí ag daoine óga'"* ar sise.

Tá a croí istigh sa chlár Erasmus ag Siobhán agus ba é toradh a rannpháirtíochta gur shocraigh sí a bheith ag múineadh go lánaimseartha ag TCFE. Triúr mac léinn a chuir an coláiste chuig an bhFrainc faoin gclár i dtús ama, ach tá an líon sin ardaithe ó shin go dtí 70, agus is rud tábhachtach do mhic léinn é sin a chur san áireamh nuair a bheartaíonn iad féin a chlárú ag TCFE.

> *"Tá cur amach ag na daltaí ar fad air, agus bíonn sé de rún ag líon mór de na daltaí a thagann anseo páirt a ghlacadh sa chlár Erasmus mar chuid dá gcúrsa,"* arsa Siobhán.

> *"Feictear dúinn gur mór an cuidiú atá sa chlár Erasmus chun bolscaireacht a dhéanamh ar son an choláiste mar chuid de ghréasán uile-Eorpach lenar féidir le daoine taithí oibre a fháil, cuma cén cúrsa atá á dhéanamh acu."*

Dar le Siobhán, ní oiliúint agus taithí oibre an t-aon dá rud atá i gceist le clár Erasmus; is taithí chultúrtha ar leith é agus deis iontach chun forbairt phearsanta a dhéanamh.

> *"Tagann na mic léinn ar ais mar a bheadh daoine nua ann, bíonn fuadar nua fúthu, bíonn splanc iontu, bíonn siad spreagtha chun leanúint den obair atá ar bun acu,"* ar sise.

Bronnadh Cairt Erasmus+ ar TCFE, rud a dhéantar i gcás eagraíochtaí oideachais agus oiliúna a bhfuil sé cruthaithe go maith acu go n-eagraíonn siad tionscadail ardcháilíochta dá mbaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí.









**POBAL**

# An dara seans

Tráth a bhí Stephen Plunkett ina oifigeach príosúin, is minic a chloiseadh sé príosúnaigh a rá go bhféadfaidís fanacht ar bhóthar a leasa ach na deiseanna a bheith acu chuige sin. Is minic ina dhiaidh sin a d'fhiafraigh Stephen de féin an raibh sé sin fíor, agus i ndeireadh na dála, chinn sé cúl a tabhairt ar an bpost breá a bhí aige sa tseirbhís príosúnachta agus an ráiteas sin a thástáil.

> *"Bhí mé ag iarraidh a fháil amach an dtapódh na príosúnaigh na deiseanna dá gcuirimis iad ar fáil dóibh iad,"* ar seisean.

Is minic fós a bhíonn an bhreis in aghaidh na bpríosúnach nuair a scaoiltear saor iad, go háirithe i gcás príosúnach arb as ceantair thuaithe dóibh, áit a bhfuil an tacaíocht gann go leor, agus deiseanna oibre níos gainne fós. Más ea féin, bhí Stephen den tuairim go bhféadfadh formhór na bpríosúnach gan dul in aimhréidh arís sa choiriúlacht ach seans a thabhairt dóibh, agus a bhuí le roinnt deontas beag ón gcomhpháirtíocht áitiúil, ó SÁS agus ó na seirbhísí promhaidh, chuir sé U-Casadh ar bun i bPort an Chalaidh, Contae Chill Chainnigh.

Tugann baill foirne U-Casadh cuairt ar phríosúnaigh sa phríosún, agus cuireann siad aithne orthu ionas gur féidir leo dul i dteagmháil le chéile nuair a scaoiltear saor iad. Leis an tseirbhís seo, féachtar chuig bonn cobhsaí a chur faoi na cliaint trí cabhrú leo agus iad ag dul i dtaithí ar an saol taobh amuigh den phríosún. Dar le Stephen gur rud ríthábhachtach é fostaíocht fhiúntach a fháil chun imeacht ó fháinne fí na coiriúlachta. In 2014, fuair U-Casadh maoiniú tríd an gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) le cuidiú ó chlár LEADER Chill Chainnigh chun mol fiontair a chur fhorbairt a thabharfadh ar a gcumas d'iarchimí agus daoine eile ón gceantar gnólachtaí a chur ar bun, rud a chuirfeadh foclaíocht agus deiseanna oiliúna ar fáil.

Tá tábhacht ar leith ag an mol chun príosúnaigh a choimeád ó chionta a dhéanamh athuair, go háirithe i gceantair thuaithe mar ní mórán fostóirí atá toilteanach seans a thabhairt dóibh. Tugann Lárionad Fiontair U-Casadh an deis dóibh a bpoist féin a chruthú nó a bheith ag obair i dtimpeallacht thacúil inar féidir leo a gcuid scileanna agus a gcuid dtaithí a chur chun cinn agus a léiriú gur daoine iontaofa iad.

Eiseamláir bhreá den fhiontraíocht shóisialta is ea U-Casadh um an dtaca seo agus tá an t-aitheantas sin tugtha dó óir bronnadh roinnt gradaim air ar nós an Social Entrepreneurs Ireland Impact Award in 2015 agus an Arthur Guinness Fund Award le haghaidh fiontraíocht shóisialta.





SCÉAL

**POBAL**

## Feabhas a chur ar lár na mbailte san Iarmhí

Tá feabhas á chur ar bhailte ar fud na hÉireann, Baile Átha Luain agus an Muileann gCearr san áireamh, le cuidiú ó chiste de chuid an Aontais do thionscadail uirbeacha um athghiniúint in Éirinn. Leithdháileadh €1.5 milliún an ceann don dá bhaile san Iarmhí ó shainchiste uirbeach an Aontais d'oibreacha atá ceaptha chun feabhas a chur ar 19 limistéar uirbeacha timpeall na tíre.

I mBaile Átha Luain, tá tionscadal €3 mhilliún de chuid Chomhairle Chontae na hIarmhí ag dul chun tairbhe do cheantar Shráid na hEaglaise, tionscadal arb é is aidhm dó croí cheantar na siopadóireachta a athbheochan ar na mbaile. Mar chuid den tionscadal sin, tá sé i gceist spás poiblí nua a chruthú i bPlás Custume, áit a mbeidh faiche ann gona troscán sráide, a seastáin rothar agus a soilse sráide. Anuas air sin beidh plandóirí breátha ann gona gceapacha bláthanna, a gcuid tor agus a gcuid crann dúchasach.

Ag labhairt dó ag seoladh an tionscadail, dúirt Méara Cheantar bardasach Bhaile Átha Luain, an Comhairleoir Aengus O'Rourke gur mór a rachaidh na hoibreacha chun tairbhe don bhaile san am atá romhainn.

> *"An ceantar ardcháilíochta nuafheabhsaithe seo, beidh mealladh na siopadóirí, mealladh na dturasóirí, mealladh na gcoisithe agus mealladh phobal an cheantair trí chéile ann, rud a chuirfidh an ceantar faoi bhláth is faoi mhaise mar limistéar siopadóireachta, gnó agus sóisialta,"* ar seisean.

Maidir leis an tionscadal sa Mhuileann gCearr, cuirfidh sé feabhas ar limistéir sibhialta lár an bhaile, agus tá pleananna ann chun áiseanna le haghaidh rothaithe agus coisithe a uasghrádú, tírdhreachú crua agus bog a dhéanamh, agus an rialú tráchta a leasú.

Leagfar amach spás poiblí nua ag acomhal Shráid an Phiarsaigh/Shráid an Chaisleáin agus cuirfear feabhas ar an spás atá ann cheana féin ag Cearnóg an Mhargaidh agus Teach an Mhargaidh. Ina theannta sin, tiocfaidh laghdú ar an trácht sa cheantar a bhuí leis an tionscadal, agus spreagfar tiománaithe leis an seachbhóthar a úsáid (N52) seachas dul trí lár an bhaile.



## Fearadh na fáilte

Is cúis mhórtais ag Éirinn cáil na fáilte a bheith uirthi. Is daoine muinteartha sinn agus tá muid oibleagáideach, mar sin is ceart agus is cuí dúinn an fháilte chéanna a chur roimh na daoine atá tagtha chun cónaithe sa tír.

Agus sin díreach an túsphointe maidir le heagraíocht phobail a bhíonn ag obair le mionlaigh eitneacha, mar atá inimircigh, oibrithe imirceacha, lucht iarrtha tearmainn agus dídeanaithe ar fud Chontae na Mí.

Tá lárionad na n-imirceach Cultúr ina chuidiú chun cumhachtú, rannpháirtíocht, lámh ina gcinniúint féin agus cearta na mionlach eitneach a chur chun cinn, go háirithe dóibh siúd atá i ngleic leis an mbochtanas, leis an eisiamh sóisialta agus leis an gciníochas.

Ag deireadh na bliana 2013 fuair Cultúr maoiniú ón Aontas Eorpach le haghaidh tionscadal nua ar a dtugtar MORE chun a bheith ag obair go sonrach le hinimircigh nach as an Eoraip dóibh.

Agus é á chomhchistiú ag an gCoimisiún Eorpach faoin gCiste Eorpach um Lánpháirtíocht agus á thacú ag Oifig an Aire um Lánpháirtíocht agus Pobal, chuir an tionscadal MORE roimhe dul i ngleic le ciníochas agus dúshaothrú sa láthair oibre go sonrach.

Leis an tionscadal sin, cuireadh tús le hobair for-rochtana spriocdhírithe trí oibrithe pobail a chuaigh ag obair i gcomhar le mná inimirceach atá fostaithe i dtionscail na n-óstán, tionscal an ghlantacháin, tionscal an agraibhia agus tionscal an obair chúraim.

Leis an tionscadal sin, sainaithníodh mná a bhí ag obair sna tionscail sin mar dhaoine a bhfuil baol ann go ndéanfar dúshaothrú orthu ar an láthair oibre.

A bhuí le hobair fo-rochtana a rinneadh i gcomhar leis an an gCeardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU), cuireadh ceardlanna faoi chearta sa láthair oibre agus teidlíochtaí ar fáil dóibh.

Ina theannta sin, moladh dóibh páirt a ghlacadh i ngrupaí gníomhaíochta san earnáil ina mbíonn siad féin ag obair.

Chuaigh lucht an tionscadail i dteagmháil le roinnt fear in earnáil na feola freisin, óir bhí an baol ann go ndéanfaí dúshaothrú orthu sin, agus spreagadh iad le plean gníomhaíochta a fhorbairt.

Rinne lucht an tionscadail dul chun cinn mór i gcomhlíonadh a gcuid spriocanna. D'oibrigh siad i gcomhar le breis agus 100 imirceach sa spriocghrúpa.



SCÉAL





**POBAL**

# Leabharlann nua i gContae an Chláir agus blas na todhchaí uirthi

Tá Leabharlann an Chontae in Inis ar na hacmhainní is luachmhaire dá bhfuil sa Chlár, ach is minic a bhíonn tuilte san fhoirgneamh a cuireadh ar fáil di in 1975. In 2009, rinneadh mórán damáiste don stór leabhar agus ba léir go raibh leabharlann nua ag teastáil chun freastal ar phobal an chontae.

Chinn Comhairle Chontae an Chláir tús a chur le tionscadal a chuirfeadh leabharlann don 21ú haois ar bun, rud a dhaingneodh an cháil atá ar an gClár mar lárionad cultúrtha agus a thabharfadh tacaíocht do ghníomhaíochtaí eacnamaíochta agus sóisialta in Inis.

Tá an foirgneamh nua á fhorbairt ar láthair na háise "Glór" atá ar Nasc an Tóchair, agus tiocfaidh sin in ionad na saoráidí atá ann faoi láthair ag Leabharlann de Valera sa seanséipéal Preispitéireach ar Rae an Chairdis.

Mar chuid den tionscadal uaillmhianach seo, cuirfear trí sheirbhís leabharlainne ar leith san aon fhoirgneamh amháin, agus is €8.5 milliún an costas réamh-mheasta air, mar sin b'éigean don Chomhairle maoiniú a fháil ar bhealach réamhghníomhach. Bhí Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar cheann de na foinsí maoinithe a ndeachthas ina muinín.

Tá sé ar cheann de na cúramaí atá ar an Tionól bainistíocht agus faireachán a dhéanamh ar chláir de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, mar sin cuireadh iarratas isteach ar chuidiú chun tionscadal na leabharlainne a mhaoiniú. I dtosach 2016, fuair an Chomhairle €1 mhilliún de chistiú ón Aontas Eorpach ó Chlár Oibriúcháin Thionól Réigiúnach an Deiscirt 2014-2020. Leithdháileadh deontas caipitil €3 mhilliún sa bhreis air sin ó Rialtas na hÉireann, agus tá sé mar rún ag Comhairle Chontae an Chláir an t-iarmhéid a mhaoiniú as a cuid acmhainní féin.

I mí Iúil 2016, roghnaigh Comhairle Chontae an Chláir Keith Williams Architects chun leabharlann nua an chontae a dhearadh agus cuireadh tús leis an tionscadal. Seo mar a thrácht Helen Walsh, leabharlannaí Chontae an Chláir ar an scéal:

> *"Le deich mbliana anuas, is amhlaidh a forbraíodh roinnt foirgneamh uaillmhianach, rud a d'fhág gur tugadh i gcrích saothair ailtireachta a bheireann an chraobh leo ar an dearadh agus ar an áilleacht atá iontu.*
>
> *"Táthar ag súil leis go mbeidh Leabharlann nua an Chontae ar cheann de na foirgnimh sin, gur áit a bheidh ann ina gcuirfear seirbhísí ardteicneolaíochta ag oibriú ar son na gcustaiméirí. Leabharlann don 21ú haois a bheidh ann gan aon agó."*





SCÉAL

**POBAL**

## Leathbhádóirí ar aon bhuille le chéile

Is éard is síocháin ann pobail a bhí scoilte óna chéile tráth agus iad ag obair i gcomhar le chéile feasta chun aon aidhm amháin a bhaint amach, agus níl léiriú is fearr ar sin ná tionscadal ina dtugtar le chéile grúpa ón dá thaobh den teorainn i dTuaisceart na hÉireann. Ní droichead a thóg Bothán na bhFear "Tar Isteach" i mBaile an Chabháin agus South East Fermanagh Foundation (SEFF); ní shásódh aon ní iad ach bád a thógáil.

Coite Loch Éirne an cineál báid atá faoi chaibidil, árthach adhmaid a d'úsáidtí fadó chun daoine, beithígh, meaisíní agus earraí a thabhairt idir cladaigh carraigeacha agus oileáin Loch Éirne Uachtair agus Íochtair. Tharla gur ag Caisleán na Croime atá an coite deireanach agus gur i seilbh an An Taisce atá sé, mar sin ó thaobh Chlár an Aontais Eorpaigh um Shíochán agus Athmhuintearas (PEACE) de, ba é an tionscadal ab fhearr é le macasamhail den bhád sin a thógáil d'eastát Chontae Fhear Manach.

Tháinig an Clár PEACE ar an bhfód in 1995 agus ón am sin i leith tá beagnach €2 bhilliún infheistithe sa réigiún agus tacaíocht tugtha do na céadta tionscadal a bhí ina gcuidiú chun an ruaig a chur ar an scáth faoina bhfuil an pobal ag maireachtáil de bharr "na Trioblóide". Is faoi stiúir an tsaoir bád Bert Robinson, fear a bhfuil an-taithí oibre aige, agus ar an eastát stairiúil féin a cuireadh an tionscadal Coite Croime i gcrích. Fuarthas maoiniú ó Chomhairle Chontae an Chabháin tríd an gclár PEACE III.

Agus iad ag úsáid seanteicnící nach raibh cuimhne orthu ach ar éigean, rinne fir an Chabháin agus fir Fhear Manach an obair i gcomhar le chéile, agus ba é toradh na hoibre sin bád iontach ar ar baisteadh "Pulling Together". Ón mbun aníos a rinne siad é, agus ní fhéadfadh duine é a aithint thar na coití a bhí in úsáid fadó. Ní hamháin gur chuir siad eolas ar cheird an tsaoir bád, ach chuir siad aithne mhaith ar dhaoine ón taobh thall den teorainn, agus ón am a cuireadh an coite chun locha in 2014 i leith lean an cairdeas sin eatarthu.

Is é Peter O'Hanlon ó Bhothán na bhFear i mBaile an Chabháin a thug tuairisc ar an tionscadal.

> *"A leithéid seo: cuireadh scata d'fhir na háite isteach in aon bhothán le carn maith adhmaid agus uirlisí agus dúradh leo, 'seo anois, a bhuachaillí, tugaigí faoi,"* ar seisean.
>
> *"Ba iontach an rud na seanmhodhanna traidisiúnta chun an obair a dhéanamh - chuaigh sé chun tairbhe dúinn go léir, agus ansin, chuamar go mór in aithne ar a chéile. Nuair a dhíríonn tú ar rud eile seachas sin, is iontach an chaoi a n-éiríonn daoine mór le chéile diaidh ar ndiaidh - sin bun agus barr an scéil chomh fada leis an tionscadal de."*

Comhlacht na gClár Speisialta AE, comhlacht atá ar cheann de na sé heagras trasteorann a cuireadh ar bun faoi Chonradh Aoine an Chéasta, is é a dhéanann maoiniú an chláir PEACE a riar agus a mhaoirsiú. Faoin gclár PEACE IV reatha, sannadh €16 milliún do chontaetha teorann na hÉireann chun cuidiú leo Pleananna Gníomhaíochta na nÚdaras Áitiúil a thabhairt i gcrích.



## Siopa comharchumainn i sráidbhaile cois farraige

Tá traidisiún saibhir tráchtála i gCúirt Mhic Shéafraidh, sráidbhaile gleoite cois farraige. Tráth dá raibh, bhí saoir bád ann, stáisiún traenach, cabhlach a raibh an-tarraingt air, halla ceoil, pictiúrlann, stáisiún peitril agus garáiste chomh maith le breise agus leathscór siopaí eile agus earraí de gach sórt a ndíol acu.

Sna 1870í a d'oscail muintir Uí Dhonnabháin ceann de na chéad siopaí, ach dúnadh an siopa áise deireanach in 2015 faraor, tar éis do na húinéirí dul ar scor.

D'fhág an dúnadh sin folús mór sa phobal 500 duine, pobal a bhfuil orthu tabhairt faoi aistear chun dul chuig an siopa is cóngaraí na mílte ó bhaile. Eagraíodh cruinniú poiblí, féachaint an bhféadfadh daoine siopa pobail dá gcuid féin a oscailt.

Léiríodh i suirbhé a rinneadh sa cheantar go raibh tacaíocht as cuimse don tionscadal óir bhí 96% de na freagróirí ar a shon. Cuireadh comharchumann ar bun, comharchumann atá faoi sheilbh an phobail go hiomlán, agus cuireadh coiste le chéile chun maoiniú a fháil ionas gurbh fhéidir tús a chur leis an tionscadal.

Chuathas i mbun cainteanna le húinéirí réadmhaoine sa cheantar agus socraíodh dá thoradh sin seanoifig an Phoist ar an bPríomhshráid a úsáid mar shiopa.

Díoladh scaireanna sa chomharchumann leis an bpobal féin chun go bhféadfaí tús a chur leis an tionscadal, agus ina dhiaidh sin cuireadh isteach ar mhaoiniú an Aontais Eorpaigh ó LEADER Iarthar Chorcaí agus FLAG an Deiscirt. Fuarthas an maoiniú sin. Chun go mbeadh rath ar an siopa, mheas daoine go mba cheart go mbeadh níos mó ann ná siopa áise.


Shocraigh siad go bhféadfaí eolas a chur ar fáil do thurasóirí ann, agus go bhféadfaí spás pobail a dhéanamh de freisin, spás inarbh fhéidir saothair a chur ar taispeáint, an dá thaispeántas Patrick Keohane agus Lusitania, cuir i gcás.

A bhuí le beagáinín cabhrach ó mhaoiniú an Aontais agus a bhuí le croí maith mór phobal Iarthar Chorcaí, agus treise lena lámh, tá Siopa Pobail Chúirt Mhic Shéafraidh seanbhunaithe anois agus seirbhís luachmhar á cur ar fáil aige.







## SLÁINTE

# Acmhainn Ghnó

Bhí dúil ag Shelly Malone san aclaíocht riamh. Tá sí ag imirt peile, cispheile agus ag déanamh dreas traenála sa spórtlann ó rinne slat cóta di. Go deimhin féin, tá bonn Chraobh Idirmheánach na hÉireann aici. Chaith Shelly seal ag obair i sméar mhullaigh na spórtlann agus na gclubanna sláinte ar fud na hÉireann, gur chuir sí lena cuid cáilíochtaí agus lena taithí lena linn. Mar sin de, faoi mar a bheifeá ag súil leis, chuir sí tús lena gnólacht sláinte agus folláine féin.

Mar sin féin, is ag snámh in aghaidh easa atá na banfhiontraithe de bharr a laghad ban in Éirinn atá ag gabháil do ghnólachtaí nuathionscanta. Is i gContae Mhaigh Eo atá Shelly ina cónaí, agus fuair sí amach go raibh Mol Nuálaíochta Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo ag cur clár réigiúnach nua ar fáil arb é is aidhm dó an éagothroime idir na hinscní a réiteach agus sheol sí foirm iarratais chucu.

Méadú a chur ar líon na mbanfhiontraithe i nGaillimh, i Ros Comáin agus i Maigh Eo, sin é is aidhm don chlár EMPOWER. Tá sé á chómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de Chlár um Infhostaitheacht, um Chuimsiú agus um Fhoghlaim 2014-2020 de chuid CSE.

Fuair Shelly áit ar EMPOWER agus is uirthi a bhí an lúcháir, ach má bhí féin bhí eagla a craicinn uirthi freisin, nó bíodh go raibh na cáilíochtaí agus an taithí aici, ní raibh tuairim dá laghad aici conas gnólacht a reáchtáil.

> *"Bhí na néaróga orm an chéad lá den chúrsa,"* arsa Shelly.
>
> *"Ní raibh a fhios agam céard a bhí romham agus ní raibh mé cinnte ar cheart dom féin agus do mo ghnólacht a bheith ann.*
>
> *"Ach leis an bhfáilte ghroí a cuireadh romham ar mo theacht isteach den chéad uair dom, cuireadh ar mo shuaimhneas mé.*
>
> *"Ba chrann taca agam féin agus ag mo ghnólacht í Maria Staunton, éascaitheoir an chúrsa, agus is crann taca go fóill againn í."*

A bhuí le clár dhá sheachtain déag EMPOWER, cuireadh aoichainteoirí in aithne do Shelly agus do na rannpháirtithe eile, aoichainteoirí a chlúdaigh ábhair éagsúla faoi conas gnólacht a reáchtáil. D'fhoghlaim siad conas gnólacht a thionscnamh agus a reáchtáil, agus moladh dóibh smaoineamh, oibriú agus iad féin a thabhairt i gcrann mar mhná gnó. Is é an deireadh a bhí ar an gcúrsa gur éirigh le Shelly tús a chur lena gnólacht féin, That's So Shelly Fitness, agus cé go mbíonn tuilleadh agus tuilleadh le déanamh, tá sé de mhisneach agus de mhuinín aici chun teacht in éifeacht.

> *"Is bean i saol an ghnó mé agus creidim féin go mbímid, mar mhná, anuas orainn féin, go mbímid ag ceistiú ár gcumais agus bímid ag caitheamh amhras ar ár gcuid buanna,"* a dúirt sí.
>
> *"Caithimid an iomarca ama agus fuinnimh ag díriú ar na nithe nach bhfuil muid in ann acu seachas a bheith ag díriú ar na nithe is féidir linn a dhéanamh. Is é ár gceart a bheith ag iarraidh cúnamh a fháil sna réimsí dár ngnólachtaí ina dteastaíonn sé uainn.*
>
> *"Is éard a d'fhoghlaim mé le linn an chláir go bhfuil daoine amuigh ansin ar mhaith leo go n-éireoidh leat. Tá daoine ann a thabharfa comhairle agus tacaíocht duit agus fáilte."*





SCÉAL

## SLÁINTE

# Tacaíocht don chúram sláinte in Éirinn

A bhuí le hiasacht fhadtéarmach €70 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta tá ceithre Ionad Cúraim Phríomhúla déag á dtógáil ar fud na hÉireann faoi láthair.

Tá siad á dtógáil in iarthar na hÉireann i Sligeach, i Ros Comáin, i Maigh Eo, i nGaillimh agus i gcathair Luimnigh agus in oirdheisceart na hÉireann, i gcathair Phort Láirge, i dTiobraid Árann agus i mBaile Loch Garman. Is go luath in 2018 a osclaíodh go hoifigiúil dhá Ionad Cúraim Phríomhúla, ceann ar an gCúlóg, Baile Átha Cliath agus ceann eile i gCill Choca, Contae Chill Dara. Dúirt Simon Harris, an tAire Sláinte, go gcabhródh na hionaid sin le réimse leathan de sheirbhísí sláinte a chur ar fáil don dá phobal áitiúla.

> *Dúirt sé freisin "gur cuid den chéad chomhpháirtíocht phoiblí phríobháideach sna seirbhísí sláinte iad Cill Choca agus an Chúlóg, comhpháirtíocht a chuirfidh 14 ionad shaincheaptha ar fáil ar fud na tíre faoi dheireadh na bliana seo."*
>
> *"Tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh sa Chúram Príomhúil chun gur fearrde an tseirbhís sláinte."*

Is ionann iasacht 27 mbliana BEI agus an chéad infheistíocht atá déanta aige sa chúram sláinte in Éirinn, agus an chéad uair a thug sé maoiniú tiomnaithe do Chúram Sláinte Príomhúil aon áit san Eoraip.

Is í an chéad iasacht in Éirinn í a ráthaíodh faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS), ciste atá de dhlúth agus d'inneach ag an bPlean Infheistíochta don Eoraip agus atá ceaptha le €315 bhilliún d'infheistíocht a ghiniúint ar fud na hEorpa. Dúirt Jonathan Taylor, Leas-Uachtarán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, go bhfuil an infheistíocht ag tógáil ar an méadú atá tagtha ar an maoiniú i gcomhair oideachas, thithíocht agus iompar na hÉireann le blianta beaga anuas.

> *"Is ríthábhachtach an ní é seirbhísí cúraim sláinte áitiúla a neartú chun gur fearr an tsláinte phoiblí agus a bhuí leis an tionscnamh suntasach nua seo, cinnteofar gurb éifeachtaí an cúram sláinte a bheidh ag na mílte daoine ar fud na hÉireann,"* a dúirt sé freisin.

Le sé bliana anuas, chuir an Banc Eorpach Infheistíochta breis agus €3.3 billiún ar fáil chun infheistíocht a dhéanamh i scoileanna, i gcampais ollscoile, i naisc fuinnimh uasghrádaithe, i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite agus i mbonneagar iompair ar fud na hÉireann.



# Feistis leighis don am atá le teacht

Bíonn daoine níos fadsaolaí sa lá atá inniu ann, ach más fadsaolaí féin is minic galair orthu cuir i gcás diaibéiteas, galar Pharkinson agus galar croí. Ach tá ionad taighde leighis i nGaillimh ag forbairt feisteas chun gurbh fhearr an saol a bheidh ag daoine a bhfuil galair ainsealacha mar sin orthu.

Is in 2015 ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a bunaíodh CÚRAM, Ionad Taighde ar Fheistis Leighis Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, ionad a fuair maoiniú ón Aontas.

Is gréasán é de chomhpháirtithe acadúla, cliniciúla agus tionsclaíocha Éireannacha agus ilnáisiúnta atá ag obair le chéile ar fheistis agus ar ionchlannáin nua agus ar chomhtháirgí ceall, drugaí agus feistis chun riar ar riachtanais chliniciúla nár tugadh aghaidh orthu fós.

A bhuí le CÚRAM, tá togha na dtaighdeoirí á mealladh go hÉirinn, agus le hobair an ionaid d'fhéadfaí réiteach a dhéanamh trí fheisteas leighis a chur ar fáil, réiteach a chuireann go mór leis an gcáilíocht saoil.

Tá an t-ionad ag cur oiliúint ar an gcéad ghlúin eile d'eolaithe, d'fhostaithe agus d'fhiontraithe in earnáil na teicneolaíochta sláinte chun gur fearr a chuirfear cóir leighis ar othair, go háirithe ar na hothair a bhfuil galair ainsealacha orthu.

Tá os cionn 400 gnólacht lonnaithe sa tír agus is tábhachtach an rud í an teicneolaíocht sláinte do gheilleagar na hÉireann dá réir. Tá os cionn 29,000 duine fostaithe inti agus is fiú €12.6 billiún a cuid easpórtálacha.


A bhuí le CÚRAM, tá scileanna den chéad scoth á dtabhairt do chuideachtaí in Éirinn, rud a thugann buntáiste na hiomaíochta dóibh. Leis an ionad, is mó fós atá an tír ar thús cadhnaíochta sa tionscal feisteas leighis, agus is tarraingtí fós an áit í Éire do chuideachtaí ilnáisiúnta chun infheistíocht a dhéanamh.

Is fiú breis agus €28 milliún infheistíocht iomlán an tionscadail - is amhlaidh a thug Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa timpeall leath den infheistíocht sin trí Chlár Oibriúcháin Réigiúin na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair.





45 SCÉAL



SLÁINTE

# Claochlú bitheonach Michael

Más saoránach den Aontas Eorpach thú, is féidir leat rochtain a fháil ar sheirbhísí a d'athródh saol duine ó bhonn, seirbhísí nach bhfuil teacht orthu in Éirinn, faoi mar a fuair Michael Mac Aogáin amach trí bliana ó shin. In 2008, agus é ar saoire sa Fhrainc tharla tionóisc ghluaisrothair thromchúiseach do Michael, fear a bhfuil cónaí air i Loch Garman le breis agus fiche bliain. Fágadh gan lúth na láimhe clé é, ach bhí sé meáite ar a sheacht ndícheall a dhéanamh le feabhas a chur ar cháilíocht a shaoil. Fuair sé amach go raibh speisialtóir athchruthaiteach bitheonach i Vín a d'fhéadfadh cóir leighis a chur air, ach bhí maoiniú ag teastáil uaidh. Nuair a tugadh le fios dó nár cháiligh sé le haghaidh Scéim Cóireála Thar Lear an FSS, fuair Michael amach go bhféadfadh an Treoir ón Aontas maidir le Cúram Sláinte Trasteorann cabhrú leis.

*"Mar gheall ar mhaoiniú ón Treoir Trasteorann, níor mhór domsa íoc ar dtús agus cúiteamh a fháil ó FSS ina dhiaidh sin,"* arsa Michael.

*"Dá réir sin, chuaigh mé i dteagmháil leis an gcomhar creidmheasa anseo i Loch Garman. Shíl an t-oifigeach iasachtaí go raibh seachrán orm."*

In 2015, thug Michael Vín air féin bualadh leis an speisialtóir athchruthaiteach bitheonach.

*"Scrúdaigh siad stair mo shláinte, agus cheangail sé mé de phróistéis chliste a bhí ar sheastán i m'aice ar thábla.*

*"D'iarr siad orm mo lámh a bhogadh dá bhféadfainn é, agus nuair a rinne mé amhlaidh, is é rud a thosaigh an phróistéis ag fáisceadh.*

*"Dúirt siad liom ansin an lámh a scaoileadh agus anáil a tharraingt agus nuair a rinne mé amhlaidh is ea a d'oscail an lámh."*

D'fhág an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann go bhféadfadh Michael costais na cóireála a chlúdach faoi mar a chuirfí cóireáil air in Éirinn.

*"Nuair a fuair mé an phróistéis tháinig mé ar ais agus chúitigh FSS an t-airgead dom, níor luaithe a chúitigh gur thug mé an t-airgead sin don chomhar creidmheasa, rud a d'fhág go raibh gach duine sásta"* arsa Michael.

*"Fuair mé an lámh nua, fuair an comhar creidmheasa a chuid airgid ar ais agus is iad a bhí sásta faoi sin, agus ba dheas an mhaise don FSS cabhrú liom."*

*Ó cuireadh an lámh bhitheonach i bhfearas, athraíodh saol Michael ó bhonn.*

*"Is mé atá sásta gur thug mé faoi. Dar liom gur clár den scoth é, chabhraigh sé go mór liom agus mholfainn d'aon duine é."*


Faoin Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann, tá de cheart ag saoránaigh den Aontas rochtain a fháil ar chúram sláinte in aon tír san Aontas, agus cúiteoidh a dtír dhúchais iad. Cuireann FSS an scéim i bhfeidhm anseo in Éirinn do na daoine atá i dteideal chúram sláinte an othair phoiblí ar mian leo leas a bhaint aisti i mBallstát eile.





SCÉAL





**TALMHAÍOCHT & IASCACH**

# Fás rábach in Éirinn le tacaíocht ó BEI

Tír a bhí clúdaithe le foraoisí ab ea Éire roimh 1600, ach in imeacht an dá chéad bliain as sin go 1800, tháinig an tionsclaíocht, plandáil de chuid mhonarcacht Shasana, agus borradh mór faoin daonra sa mhullach ar a chéile ionas go ndearnadh léirscrios ar ár gceantair choille. B'shin ba chúis don fhiadhúlra a dhul in éag, an torc allta agus an mac tíre cuir i gcas, agus tá síorstreachailt fós ann sa lá atá inniu ann chun foraoisí atá á mbainistiú go hinbhuanaithe a fhorbairt.

Ní hamháin go bhfaighimid adhmad sna foraoisí chun ár dtithe a thógáil, chun iad a líonadh le troscáin agus chun iad a théamh, cuireann siad le gineadh an ocsaigin atá á análú againn agus soláthraíonn siad gnáthóg do líon ollmhór plandaí agus ainmhithe. Féadfaidh an t-adhmad a bheith ina fhoinse thábhachtach fuinnimh in-athnuaite a d'fhéadfaí a chur in áit breoslaí iontaise iompórtáilte, mar sin is ríthábhachtach d'Éirinn a cuid foraoisí a bhainistiú i gceart.

Is é sin an chúis go bhfuil an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) - a bhfuil na Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (EFSI) mar thaca leis - ag tabhairt tacaíochta do thionscnamh €200 milliún atá ceaptha aon phunann comhdhlúite 18,000 heicteár amháin a dhéanamh d'fhoraoisí beaga atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus an punann sin a bheith á bhainistiú go gairmiúil.

Ar na hinfheisteoirí eile atá sa tionscnamh, tá Ciste Infheistíochta Straitéiseach na hÉireann (SIB), agus Dasos, sainchiste infheistíochta um fhoraoisí atá lonnaithe san Fhionlann a bhfuil an scéim á bainistiú aige. Faoin infheistíocht sin, déanfar tuairim is 35,000 heicteár a athphlandáil, déanfar 1,600 ciliméadar de bhóithre foraoise a leagan síos nó a uasghrádú, agus déanfar 1,000 ciliméadar de chosáin fámaireachta agus raonta rothair sléibhe a fheabhsú.


Sa bhreis air sin, cuideoidh sé le foinse adhmaid níos intuartha a chur ar fáil do thionscal na muileann sábhadóireachta. An infheistíocht €28.5 milliún seo ó BEI – rud atá ar cheann de dhá thionscnamh a fógraíodh i gCo. Cill Dara - is é sin an chéad uair a thug an banc tacaíocht don talmhaíocht in Éirinn le 20 bliain anuas.


Tá BEI tar éis iasacht fhadtéarmach €90 milliún a chur ar fáil don eintiteas foraoiseachta Coillte, rud atá faoi úinéireacht an stáit, chun maoiniú a thabhairt i dtaca le plandáil, foraoisí a bhainistiú agus bóithre a thógáil agus a chothabháil. Dar leis an an gCoimisinéir um Thalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe Phil Hogan, tá roinnt cúiseanna go bhfuil na foraoisí chomh tábhachtach sin.

> *"Cuidíonn na foraoisí lenár gceantair tuaithe a choinneáil beoga inbhuanaithe, agus is iad faoi deara os cionn trí mhilliún post a bheith ar fáil san Aontas Eoraip,"* ar seisean.
>
> *"Bíonn baint mhór acu freisin le cosaint na bith-éagsúlachta san Aontas, agus is earnáil ríthábhachtach ata iontu maidir leis an aistriú go geilleagar ísealcharbóin atá neamhdhíobhálach don aeráid.*
>
> *Dá bhrí sin, má leantar den infheistíocht san earnáil sin, is chun tairbhe ár ngeilleagair, ár bpobal áitiúil, agus ár gcomhshaoil a rachaidh sé. Le cuidiú ón gcomhpháirtíocht straitéiseach seo le Banc Infheistíochta na hEorpa, bainfear na cuspóirí sin amach, cuirfear an Plean Infheistíochta don Eoraip i gcrích, agus tacófar le poist agus fás i gceantair tuaithe na hÉireann."*









TALMHAÍOCHT & IASCACH

# Na heolaithe ag dul i bhfóir ar fhadhb na bprátaí

Tá Éire ar na náisiúin is clúití ar domhan ó thaobh tháirgeadh na bprátaí de, ach ait go leor tá lucht déanta criospaí agus sceallóg ar ghannchuid prátaí áitiúla. Na prátaí a úsáidtear le haghaidh criospaí agus sceallóg, is gá iad a stóráil ag teocht ocht gcéim chun nach ndéanfaidh siad péacadh ná milsiú, agus sin é is cúis leis an teocht ocht gcéim. Fágann sin go ndéantar difear do cháilíocht agus do dhath friochta an dá smailc is fearr leis an tír.

Úsáideann monaróirí ceimiceáin lena gcuirtear stop leis an bhfás, clórprófam mar shampla, chun teacht thart ar an bhfadhb, ach tá an tAontas ag brath deireadh a chur leis na ceimiceáin sin mar gheall ar ábhair imní a bhaineann le ceisteanna sláinte. Fágann sin go gcaithfidh táirgeoirí breis agus 50,000 tona prátaí a iompórtáil gach bliain le haghaidh criospaí agus sceallóg de bharr fadhbanna a bhaineann le stóráil an táirge áitiúil go fadtéarmach.

Mar sin féin, eolaithe atá maoinithe ag an Aontas, tháinig siad ar mharcóirí géiniteacha lena bhféadfaí prátaí a roghnú de réir a oiriúnaí atá siad don stóráil ag teocht íseal, rud a choinníonn úr iad agus a fhágann nach gá úsáid a bhaint as ceimiceáin le stop a chur leis an bhfás. Tá bealach ceaptha ag an tionscadal Roghnú Géanómaíoch um Fheabhsú Prátaí (GENSPI) lena sainaithnítear plandaí a léiríonn frithsheasmhacht in aghaidh glúcós milis agus foirmiú fruchtóis. Thar aon ní eile, is féidir iad a stóráil ag trí nó ceithre chéim, teocht atá íseal go leor chun fás péacáin a stopadh ar feadh tréimhsí fada, rud a chinntíonn go mbíonn na criospaí chomh blasta órga céanna agus a bhí riamh.


D'fhorbair GENSPI modheolaíochtaí pórúcháin nua um roghnú géanómaíoch, rud a chuirfidh ar chumas lucht saothraithe prátaí cineálacha prátaí a roghnú, prátaí atá frithsheasmhach, is cosúil, in aghaidh milsiú ag teocht íseal. Rinne taighdeoirí, agus iad ag baint leas as na teicnící is déanaí i dtaca le seichimh ghéanóim de, 100 000 réigiún ar fud an ghéanóim a shainaithint inarbh éagsúil an seicheamh ADN idir na plandaí.


> *"I measc an 100,000 réigiún a raibh éagsúlacht ghéiniteach idir na línte pórúcháin le fáil iontu, bhíomar in ann líon beag marcóirí ADN a shainaithint, marcóirí a chuir ar ár gcumas an dath friochta a thuar,"* arsa Stephen Byrne, comhalta Éireannach Marie Skłodowska-Curie a rinne an taighde.
>
> *"Fágann sin gur féidir linn tástáil ar bheagán costais a fhorbairt atá bunaithe ar ADN chun an dath friochta a thuar, tástáil is féidir a dhéanamh ar na mílte plandaí i gclár pórúcháin prátaí."*

Is é Teagasc, an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia i gCeatharlach, a rinne an tionscadal GENSPI a chomhordú.









## TALMHAÍOCHT & IASCACH

# Tionscadal calafoirt san eangach ag na Cealla Beaga

Is é an t-iasc an rud is mó a shamhlaítear leis na Cealla Beaga. Tá oidhreacht mhuirí shaibhir sa bhaile atá ag dul níos faide siar ná an 16ú céad, nuair a thugtaí tiarnaí na n-iasc ar thaoisigh Uí Dhónaill, agus gairtí príomh-chalafort Thír Chonaill de na Cealla Beaga.

Is é na Cealla Beaga tiarnaí an éisc ag cuairteoirí an lae inniu fós, faoi mar a thabharfaidh aon duine a bhlais an bia mara i mbialanna iontacha an bhaile le fios.

Bhí na Cealla Beaga i muinín an tionscail iascaireachta, ach má bhí féin, tharraing sin anró orthu freisin. Toisc go ndearnadh cosaint ar an stoc éisc, laghdaíodh na cuótaí agus thosaigh na hiascairí ag úsáid soithí móra de rogha ar bháid bheaga. Leis na soithí sin is fearr a chuirfí le méid agus le héagsúlacht fhad agus ghabháil a gcuid iascaireachta.

D'fhág sin an cuan faoi bhrú agus bhí gá lena nuachóiriú chun gur slán a bheidh sé amach anseo.

Is as an ngá sin a tháinig tionscadal €50 milliún don Ionad Iascaigh Cuain a maoiníodh ó Chlár Réigiúin na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair agus a bhí cómhaoinithe ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE).

Leis an nuachóiriú sin, treisíodh áit na gCealla Beaga ar an bpríomh-chalafort i measc na sé Ionad Iascaigh Cuain ainmnithe in Éirinn.

D'fhág sé freisin go bhféadfaí leanúint de ról an chuain i dtaca leis an taiscéalaíocht ríthábhachtach amach ón gcósta a éascú, go háirithe Tionscadal Gáis na Coiribe a fhorbairt.

Baintear leas as an gcalafort freisin chun tuirbíní gaoithe a sheachadadh le haghaidh feirmeacha gaoithe ar fud thuaisceart agus iarthar na hÉireann. Is calafort cuarda tábhachtach é na Cealla Beaga ag longa cúrsála a bhaineann tairbhe as na saoráidí nua-aimseartha feistithe agus na saoráidí nua-aimseartha ar thaobh na cé, agus is amhlaidh a bhaineanna na longa sin leas as an teacht díreach atá ann ar Ardchríocha Dhún na nGall.

A bhuí leis an nuachóiriú, cuireadh le réimse na ngníomhaíochtaí tráchtála ag an gcalafort, agus is mó an réimse lastaí a riarann an calafort air sa lá atá inniu ann, cuir i gcás baisceanna móra adhmaid.

Ar na saolta seo, is é Ionad Cuain na gCealla Beaga a chuireann an tsaoráid dhomhain faoi dhíon is nua ar chósta an Iarthair ar fáil d'Éirinn. Tá sé ag cur lena cháil mar phríomhchuan iascaireachta na hÉireann agus forbróidh sé leis mar chalafort tábhachtach tráchtála lasta.







## TALMHAÍOCHT & IASCACH

# Beocht úr sa Bhoirinn

Tá an Bhoirinn ar na tírdhreacha is aitheanta agus is saibhre ó thaobh na hoidhreachta de in Éirinn, agus is cuid súl ag turasóirí ar fud na tíre agus ag turasóirí thar lear í freisin.

Is éard atá sa chuid is mó den áit álainn seo, láithreacha tosaíochta caomhantais faoin Treoir ón Aontas maidir le Gnáthóga, ach tá sí luachmhar ag an bhfeirmeoireacht, ag an áineas agus ag an oideachas freisin. Ar an drochuair, tá tírdhreach na Boirne i mbaol toisc go bhfuiltear ag imeacht ó chleachtais thraidisiúnta bainistithe feirme de bharr threochtaí an mhargaidh agus bhánú na talún. Ag deireadh na nóchaidí, rinne feirmeoirí áitiúla, i gcomhar le Teagasc, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) tionscadal taighde inar léiríodh an ról tábhachtach atá ag an bhfeirmeoireacht chun tacú le bithéagsúlacht shaibhir agus le hoidhreacht chultúrtha Bhoirne.

Thángthas ar shíolta an réitigh a bhuí leis an obair sin, agus le hobair na gcaomhantóirí dúlra a chaomhnaíonn gnáthóga breacnádúrtha thar roinnt láithreacha atá faoi chosaint ag Clár Natura 2000 an Aontais. Cinneadh gurbh fhearr labhairt leis na feirmeoirí áitiúla ar dtús agus plean a chur i gceann a chéile - is mar sin a cuireadh tús le Clár na Boirne um Fheirmeoireacht don Chaomhnú.

Is mór a chuidigh ceannaireacht thuisceanach lucht feirmeoireachta an phobail leis an rath a bhí air. Ach ar forbraíodh an smaoineamh don tionscadal, is é an chéad chéim eile a bhí le tabhairt, maoiniú a fháil ó LIFE, ionstraim airgeadais an Aontais, agus tionscadal BurrenLIFE a bhunú.

D'fhág sin go bhféadfadh eolaithe taighde a dhéanamh ar 20 feirm sa cheantar agus treoirphlean a fhorbairt don fheirmeoireacht chaomhantais i gcomhar leis na feirmeoirí.






## TALMHAÍOCHT & IASCACH

De bharr ghníomhaíochtaí an tionscadail, réitíodh fadhb na scrobarnaí ó 242 acra de ghnáthóg tosaíochta, osclaíodh 164km de chonairí, athchóiríodh 112km de bhalla cloiche traidisiúnta agus cuireadh foireann d'oibrithe ardoilte i gceann a chéile sa phobal áitiúil.

Suiteáladh breis agus 40 umar uisce, 37 gcaidéal uisce agus 80 umar stórála nua chun foinsí uisce a chosaint, rud a chabhraigh leis an ngnáthóg agus an fiadhúlra a chosaint. Ba chúnamh ag na feirmeoirí é an tionscadal chun slí bheatha mhaith a shaothrú ar thalamh na Boirne, agus bhí siad in ann leanúint de na róil a bhí acu le fada an lá ag táirgeadh bia d'ardcháilíocht agus ag cosaint shaibhreas na hoidhreachta agus áilleacht an tírdhreacha.

Is é EU LIFE a mhaoinigh 75% den tionscadal BurrenLIFE agus, is é NPWS a rinne é a chomhordú. In 2017, bhronn an Coimisiún Eorpach gradam speisialta 'An Ceann ab Fhearr Fós' ar an tionscadal toisc go raibh sé ar cheann de na tionscadail LIFE is fearr a bhí ann in imeacht 25 bliana an chláir.





SCÉAL

**TALMHAÍOCHT & IASCACH**

# Bláth na Mara

D'fhág síon agus drochaimsir an Atlantaigh a rian ar thírdhreacha drámata Oileáin Árann leis na mílte blianta, ach más mór an mhaise ar an áit é an aimsir chéanna, is amhlaidh a fhágann sé gur deacair é a shaothrú.

Mar sin féin, níor bhac sin do Mháirtín Ó Conceanainn Inis Mór smaoineamh as an nua nuair a chinn sé ar ghnó a bhunú ar a fhód dúchais.

Bhí Máirtín meáite ar theacht ar bhealach chun leas a bhaint as ceann de na hacmhainní is flúirsí ar an oileán gur chuir tús le gnólacht nuálach bainte feamainne as féin.

In 2002 is ea a bunaíodh Bláth na Mara, agus chaith Máirtín na blianta ina dhiaidh sin ag déanamh taighde, forbairt agus margaíocht ar a tháirge.

Chuir sé saineolas ar speicis áitiúla ar an gcladach, agus is as féin a bhain sé an fómhar i rith na séasúr. Thóg sé aonad saincheaptha ar an oileán freisin chun an fómhar a thriomú agus a phróiseáil.

In 2015 d'fhill iníon Mháirtín, Jenny, a fear céile David as an Nua-Shéalainn, agus a mbeirt iníon, ar Oileáin Árann as an Nua-Shéalainn chun dul i gcomhar lena hathair ina fhiontar gnó.

Is é príomhtháirge na cuideachta feamainn thirim orgánach, í meilte nó gan mheilt, agus réitítear í lena margú ar bhonn mórdhíola. Mar sin féin, mar gheall ar oidhreacht agus ar cháilíocht an táirge, bhí deiseanna ann margaí nua a bhaint amach agus riar ar gach a raibh an líon mór custaiméirí ag súil leis.

A bhuí leis an taithí agus leis an eolas a bhí ag Jenny agus ag David le cois an chúnaimh ó Fhorbairt na nGrúpaí Iascaigh Áitiúla Thiar atá maoinithe ag an Aontas, bhí Bláth na Mara in ann na táirgí a chuireann sé ar fáil a fhorbairt agus a thabhairt chun éagsúlachta.

Leis an gcúnamh breise sin, rinne Bláth an Mara nuachóiriú ar a áitreabh agus ar a shaoráid phróiseála agus tá sé ag forbairt céim eile gnó atá dírithe ar bhia feamainne agus ar thurasóireacht oideachasúil ar Oileáin Árann.



# Toradh súmhar ar thaighde an fheirmeora úll

Nuair a bhí muintir Traas ag aistriú ón Ísiltír go hÉirinn ag deireadh na seascaidí chun torthaí a chur, is beag a shíl siad go mbeidís páirteach i dtaighde eolaíoch ceannródaíoch lá ab fhaide anonn. Ach sin é go díreach atá ar siúl ag Con Traas. Is mac le Willem agus Ali é agus is eisean an t-úinéir ar The Apple Farm i gContae Thiobraid Árann faoi láthair.

Chinn tuismitheoirí Con aistriú go hÉirinn os cionn 50 bliain ó shin agus leanúint de thraidisiún a dteaghlaigh, is é sin torthaí a chur, agus sin a dhéanamh ar fheirm nach raibh in úsáid.

*"Ba ghnáthfheirm í nach raibh in úsáid, agus shocraigh an t-úinéir dul ar imirce,"* arsa Con.

*"Is iad na sútha talún, na sútha craobh, na plumaí, na silíní agus ar ndóigh na húlla a chuir muid ar dtús, ach thosaigh muid ag déanamh sú ina dhiaidh freisin."*

Ó tharla nach raibh aon struchtúr ann le go dtiocfadh leo na torthaí a dhíol leis an bpobal, d'oscail an teaghlach siopa i gceann de na scioböil i dtús na seachtóidí, agus tá siad ag dul ó neart go neart ó shin. Faoin am seo, tá 60 cineál úll á bhfás ar an bhfeirm mar aon le réimse éagsúil torthaí eile agus bíonn 15 dhuine lánaimseartha agus oibrí shéasúir fostaithe aici nuair atá na torthaí súmhara sin réidh le baint.

Táirgeann The Apple Farm súnna agus leann ceardaíochta a chuirfeadh uisce le do chár - Con's Real Irish Cider a thugtar air agus bíonn Con de shíor ag iarraidh teacht ar bhealaí chun an táirge a thabhairt chun foirfeachta.

Is léachtóir páirtaimseartha in Ollscoil Luimnigh é, agus tá sé ag glacadh páirt in FieldFOOD faoi láthair, ar tionscadal taighde de chuid an Aontais é a fhéachann le teacht ar bhealaí nua chun cur le cáilíocht an bhia agus na dí.

Tá Con ag déanamh taighde ar an gcaoi ar féidir réimsí leictreacha bíogacha a úsáid chun níos mó sú a bhaint as úlla agus chun cur le seilfré an táirge gan ceimiceáin a úsáid. Is féidir an próiseas a úsáid chun cabhrú leis an gcoipeadh gan cheimiceáin a rialú, rud a bhfuil ailléirge ar dhaoine éagsúla leis.







IOMPAR

## Infheistíocht san iompar poiblí

Dála gach príomhchathair san Eoraip, tá an brú tráchta ag cur as do Bhaile Átha Cliath, ach is fusaide i bhfad saol na gcomaitéirí an Luas.

Is rímhaith atá ag éirí le córas iompair an iarnróid éadroim ó cuireadh tús leis i mí an Mheithimh 2004 agus úsáideann 37 milliún paisinéir é gach bliain anois.

Is ag méadú atá an figiúr sin in 2018 toisc gur osclaíodh an líne Luas Traschathrach ó Fhaiche Stiabhna go Stáisiún Dhroichead Broome i mí na Nollag 2017.

Ní hé an chéad uair é a bhí tramanna i mBaile Átha Cliath. An chéad seirbhís a bunaíodh siar sna 1870í, áiríodh í tráth ar na seirbhísí ab fhearr ar domhan.

Tháinig deireadh leis an tseirbhís, áfach, i mí Iúil 1949, de cheal infheistíochta agus toisc go raibh sí san iomaíocht le busanna a bhí níos solúbtha.

Faoi thús an 20ú haois, ba léir go raibh gá le hiompar ar iarnród éadrom i mBaile Átha Cliath, iompar a bhí ag cur seirbhísí níos éifeachtaí ar fáil i gcuid mhaith cathracha ar fud an domhain.

Tosaíodh ag obair ar an tionscadal agus in 2003 thug an Banc Infheistíochta Eorpach saoráid iasachta €60 milliún don Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród chun an chéad chéim den chóras iarnróid éadroim Luas a thógáil.

Le maoiniú €82.5 milliún an Aontais faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, bhíothas in ann Líne Dhearg Luas (Sráid Uí Chonghaile go Tamhlacht) a thógáil.

Thug BEI maoiniú €150 milliún chun tacú leis an síneadh 5.6km is déanaí leis an Líne Ghlas a thógáil, banc a chabhraigh le roinnt mórthionscadail bhonneagair Éireannacha.






SCÉAL





## IOMPAR

# Pobail á nascadh le chéile le canáil trasteorann

Constaicí na dteorainneacha a shárú - sin is príomhsprioc do INTERREG, clár maoiniúcháin speisialta de chuid an Aontais. In Éirinn tá timpeall €850 milliún d'infheistíocht déanta ag Clár INTERREG i dtionscadail a chuireann leis an gcomhar trasteorann.

Chuir na tionscadail seo leis an bhforbairt eacnamaíoch, rinne siad leas an chomhshaoil agus thacaigh siad le taisteal inbhuanaithe, mar aon le go leor rudaí eile nach iad.

Tionscadal amháin a léiríonn an chaoi ar féidir le INTERREG cur leis an gcáilíocht saoil atá ag muintir na háite is ea forbairt Ghlasbhealach Chanáil Uladh.

Is in 1842 a osclaíodh an chanáil agus í ag síneadh 74km (46 mhíle) trí Fhear Manach, Muineachán agus Ard Mhacha. Is ann a rinne báirsí na 26 gheata a sheoladh go dtí gur dúnadh in 1931 í.

In 2013 osclaíodh stráice 4km den chonair ghlas ar an gcanáil trí Bhaile Mhuineacháin, agus beartaíodh é a fhorbairt a thuilleadh mar gheall ar an méadú suntasach a tháinig ar an líon cuairteoirí. Agus leas á bhaint as stráicí de chosán tarraingthe na canála atá as úsáid, cuirfidh an tionscadal leis an nglasbhealach 4km atá ann faoi láthair chun 22km de ghlasbhealach nua a thógáil.

Ceann de phríomhchuspóirí an tionscadail is ea níos mó daoine a spreagadh tabhairt faoi thurais trasteorann de shiúl na gcos nó ar rothar. Táthar ag súil, trí chlár maidir le rannpháirtíocht sa phobal, go dtiocfaidh méadú 4.5% ar an rothaíocht agus ar an siúl faoi 2023, rud a laghdódh astaíochtaí carbóin de 10.25 tona in aghaidh na bliana.

Mar aon le conair iompair inbhuanaithe d'ardchaighdeán agus saoráid fóillíochta a chur ar fáil do mhuintir na háite, táthar ag súil, leis an ngréasán glasbhealaí, go meallfar cuairteoirí chuig an réigiún seo, réigiún nach ndearnadh go leor forbartha air ó thaobh na turasóireachta de.


Ach a gcuirfear an tionscadal i gcrích, cuirfidh sé ar fáil conair iompair inbhuanaithe do chomaitéirí idir na Mullaí, Co. Mhuineacháin agus Coillidh Chanannáin, Co. Ard Mhacha.

Go dtí seo, thacaigh Clár INTERREG le breis agus 3,000 gnólacht, chruthaigh sé timpeall 1,000 post agus chuaigh sé chun sochair do níos mó ná 100,000 duine i réimse na sláinte, na forbartha tuaithe, na fiontraíochta agus na turasóireachta.

Tá maoiniú INTERREG á riar agus á mhaoirsiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE, ceann de na sé chomhlacht a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta é.









IOMPAR

# Rabharta athruithe i gCorcaigh

Tá stair fhada mhuirí ag Corcaigh - le dhá mhíle bliain agus tuilleadh tá daoine ag teacht agus imeacht as béal an chuain ann.  Bíodh agus nach ndéantar trádáil le ceannaithe na Féiníce ón Meánmhuir Thoir ar na saolta seo, ní mór do Calafort Chorcaí déileáil le trácht timpeall 10 milliún tona in aghaidh na bliana.

Sa lá atá inniu ann, is calafort de thábhacht náisiúnta Leibhéal 1 é, agus tá sé ar Chonair Chroíghréasáin na Mara Thuaidh de chuid an Aontais, conair a chuireann leis na naisc idir Éire agus an tAontas. Chomh maith leis sin, bíonn Calafort Chorcaí ag déileáil le longa cúrsála a mbíonn breis agus 180,000 turasóir orthu. Bíonn na turasóirí ar bís turas a thabhairt ar an gcathair agus déanann na gnólachtaí áitiúla an-ghnó dá réir freisin.

Mar sin féin, le blianta beaga anuas léiríodh go raibh sé thar a acmhainn ag Calafort Chorcaí cuid de shoithí farraige ollmhóra an lae inniu a láimhseáil. Is ríthábhachtach an ní é Calafort Chorcaí a fhorbairt chun go leanfaidh sé de bheith iomaíoch agus go mbeidh an chathair agus an contae inchurtha leis an todhchaí mar thairseach idirnáisiúnta don trádáil.

In 2015, faomhadh pleananna do thionscadal athfhorbartha chalafort Rinn an Scidígh, agus cé go ndearnadh roinnt réamhoibreacha cheana féin, is in 2018 a chuirfear tús leis an tionscadal €80 milliún.

Tá Calafort Chorcaí ag súil go gcríochnófar an athfhorbairt agus go mbeidh sé ag feidhmiú faoi 2020. Tá an athfhorbairt á cómhaoiniú ag cistí an Aontais mar thionscadal Gréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T), tionscadal a thacaíonn le bonneagar iompair tábhachtach a thógáil agus a uasghrádú ar fud an Aontais.

Áirítear san obair críochfort coimeádán nua ina mbeidh beart 360m ag Rinn na Scidígh Thoir, oibreacha bóthair inmheánacha agus feabhsófar an bóthar seachtrach isteach go dtí an caladh domhain atá ann cheana. A bhuí leis an tionscadal, cinnteofar go bhfuil na hoibriúcháin ag Calafort Chorcaí níos iomaíche, níos éifeachtúla, níos inbhuanaithe agus níos oiriúnaí don mhéadú atá ag teacht ar an trádáil faoi láthair agus don mhéadú atá á thuar.

Cuirfidh sé deireadh le caolais atá aitheanta i bplean Chonair Chroíghréasáin na Mara Thuaidh - na Meánmhara, tríd an gcríochfort coimeádán atá ann faoi láthair ag Tivolo go Rinn na Scidígh a athlonnú agus trí chríochfort nua a thógáil chun a chinntiú gur fearr a láimhseáilfear an trácht agus gur fearr an rochtain a thabharfar do shoithí móra.

Mar chuid de thionscadal iomlán athfhorbartha an chalafoirt i Rinn na Scidígh, gheall Calafort Chorcaí ciste um shochar pobail €1 mhilliún i gcomhair shráidbhaile Rinn na Scidígh.





SCÉAL





*Grianghraf le Clare Dunne*

## IOMPAR

# Seach-chonair le hUíbh Fháilí a chur ar an mbóthar ceart

Le cistí an Aontais, bhí Éire in ann gréasán bóthair nua-aimseartha a fhorbairt, gréasán a laghdaíonn an plódú tráchta agus a dhéanann an taisteal níos fusa agus níos sábháilte.

Cé go gceaptar cuid mhaith den bhonneagar bóthair chun gur féidir le feithiclí taisteal go héifeachtach ó chathair go cathair, tá samplaí maithe ann den leas is féidir le bailte is lú ná iad agus réigiúin tuaithe a bhaint as pleanáil bóithre chliste.

An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fháilí: is ann a rinneadh seach-chonair thart timpeall an bhaile a chur i gcrích roimh an sprioc agus laistigh den bhuiséad.

Tá os cionn 14,000 duine ina chónaí sa bhaile lár tíre sin, agus toisc a lárnaí atá sé tá ról straitéiseach tábhachtach aige chun na bailte atá ina chóngar a nascadh leis an gcuid eile d'Éirinn.

Sin an chúis ar cuireadh de chúram ar phleanálaithe in Uíbh Fháilí bóthar a thógáil chun suas le 10,000 feithicil a atreorú ó lár an bhaile agus gluaiseacht earraí agus seirbhísí lasmuigh den réigiún a éascú.

A bhuí leis an maoiniú ón Rialtas agus ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoi Chlár Oibriúcháin Réigiúin na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair, is amhlaidh a faomhadh an tionscadal.

Tá an seach-chonair 4km ag dul thart timpeall an bhóthair N52 atá ann faoi láthair. Sé chiliméadar siar ó dheas ó Thulach Mhór atá tús na seach-chonaire, agus casann sí ar an N52 arís timpeall trí chiliméadar ó thuaidh ón mbaile.

Mar chuid de na pleananna, choimisiúnaigh Comhairle Contae Uíbh Fhailí agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta comórtas oscailte i gcomhair gné ealaíne a bheadh mar chuid den tionscadal.

Roghnaíodh Saints and Scholars, saothar leis an dealbhóir Maurice Harron, agus tá saothar a cheithre mhiondealbh shuntasacha 25 troigh le feiceáil feadh na seach-chonaire anois.









**GNÓ**

# Lón machnaimh

Is mór a d'athraigh cúrsaí bia in Éirinn – ón mbéile feola agus dhá ghlasra a bhíodh á chleachtadh – ina thionscal ar fiú na milliúin euro anois é, tionscal a dhéanann réimse de bhia blasta atá inchurtha le haon bhia ar domhan.

Tá na mílte FBManna nuálacha ann a chruthaíonn a lán cineálacha de bhianna blasta – idir stobhach súmhar, anraith, arán prátaí agus béilte breátha a dhéantar le comhábhair áitiúla. Ní haon iontas é mar sin go bhfuil Éire i gcroílár tionscadail atá maoinithe ag an Aontas, tionscadal a thacaíonn le bia traidisiúnta a dhéanamh ar fud na hEorpa.

Tá TRADEIT á chomhordú ag Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, Co, Chiarraí, tionscadal a cuireadh ar bun chun cabhrú le lucht táirgthe bianna traidisiúnta ar ardcháilíocht leis an leas is mó is féidir a bhaint as deiseanna gnó.

Tá éileamh níos mó ar bhianna ceardaíochta agus ar shainbhianna, ach is gnólachtaí beaga iad bunús mór na gcuideachtaí bia agus níl na hacmhainní acu chun an taighde a dhéanamh ná chun an t-eolas is gá don nuálaíocht a roinnt.

Is é ab aidhm do TRADEIT an fhadhb seo a réiteach trí ghréasán Eorpach de mhoil a chruthú mar a bhféadfadh táirgeoirí bia a bheith ag obair i gcomhar le taighdeoirí agus le soláthraithe teicneolaíochta chun dea-chleachtas maidir le nuálaíochtaí táirge, próiseála agus oibriúcháin a fhorbairt.

A bhuí le ceardlanna saor in aisce ar fud na hEorpa, cabhraíodh le táirgeoirí i dtaca le sábháilteacht bia, straitéisí praghsála, lipéadú agus bainistíocht an tslabhra soláthair.

Tugadh deis freisin do thaighdeoirí bia as gach cearn den Eoraip freastal ar Scoileanna Samhraidh Nuálaíochta TRADEIT. Is ann a forbraíodh riar scileanna nuálaíochta chun gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta a éascú.

Is é an deireadh a bhí air sin, gur leithne an réimse de bhianna d'ardcháilíocht a bheidh le blaiseadh ag tomhaltóirí, agus go mbeidh táirgeoirí in ann a ngnólacht a mhéadú, níos mó fostaíochta a chruthú, agus táirgí atá níos blasta fós a fhorbairt don mhargadh.









GNÓ

# Tús cairn coigilt

Cuirtear amú os cionn 30% den bhia a tháirgtear ar fud an domhain – bia ar ardcháilíocht cuid mhaith de. Ach go fóill féin tá daoine ann nach bhfuil a ndóthain le hithe acu. An méid de thalamh feirme a úsáidtear ar fud an domhain chun bia a fhás nach n-itear riamh, is ionann é agus méid na Síne, na Mongóile agus na Casacstáine le chéile.

B'ábhar frustrachais é sin ag Iseult Ward agus Aoibheann O'Brien, beirt fhiontraithe as Éirinn, agus dá chomhartha sin rinne siad beart chun tabhairt faoin bhfadhb. Is amhlaidh a chuir siad FoodCloud ar bun, fiontar sóisialta spreagúil a nascann gnólachtaí a bhfuil an iomarca bia acu le carthanais atá in ann an bia sin a úsáid.

> *"Ar thaobh amháin den scéal, bhíothas ag cur amú an bia breá seo go léir, ach ar an taobh eile bhí a fhios againn go raibh sé ag dul crua ar charthanais freastal ar an bpobal,"* a dúirt Iseult.

Shílfeadh duine gur smaoineamh maith é an fuílleach bia a athdháileadh, ach ní raibh sé furasta ag Aoibheann agus Iseult tús a chur leis an bhfiontar. Mar sin féin, le teann díchill agus díograise, is acmhainn thar cionn ag carthanais áitiúla é FoodCloud, fiontar a laghdaíonn an cur amú bia.

> *"Ó bheith ag obair le siopa amháin i lár chathair Bhaile Átha Cliath, tá FoodCloud ag obair le breis agus 2,500 siopa miondíola anois agus tá trádstórais againn i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh agus i gCorcaigh,"* arsa Aoibheann.
>
> *"Dáilimid níos mó ná milliún béile gach mí ar ghréasán 6,000 carthanas."*

Is comhpháirtí é FoodCloud freisin do chlár de chuid an Aontais in Éirinn, is é sin an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (CCEDD). Tá CCEDD Éireann á mhaoiniú ag timpeall €22 mhilliún de mhaoiniú an Aontais agus €4 mhilliún as ciste na hÉireann don tréimhse 2012-2020. Is é an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí an t-údarás bainistíochta ar CCEDD in Éirinn.

Tugtar leithdháileadh do na carthanais a chláraíonn le CCEDD, agus is féidir leo ansin táirgí CCEDD a ordú ó na Moil FoodCloud ar fud na tíre. Is féidir le carthanais cur le bia CCEDD le táirgí úra, fuaraithe nó reoite ó FoodCloud. Is féidir le carthanais clárú le CCEDD tríd an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, nó is féidir leo tuilleadh eolais a fháil ó FoodCloud, fiontar atá ar cheann de na heiseamláirí is fearr in Éirinn den fhiontraíocht shóisialta.










GNÓ

# An scoth san oiliúint agus sa mheasúnú fuinnimh

Is eiseamláir é METAC Training i gCo Laoise den chaoi ar féidir leis an gClár um Fhorbairt Tuaithe atá á mhaoiniú ag an Aontas borradh a chur faoi fhiontar gnó fónta.

Le maoiniú tionscnaimh ó Laois LEADER, nó Comhpháirtíocht Laoise mar a thugtar anois air, bhunaigh Dominic Dunne an tsaoráid oiliúna siar in 2006.

Chuir Dominic tús leis an ngnólacht toisc gur facthas dó bearna a bheith sa mhargadh do shaoráid a d'fhéadfadh oiliúint ar ardchaighdeán a chur ar fáil i dtimpeallacht a thabharfadh léargas ar an obair shuiteála i gcásanna faoi leith.

Thosaigh METAC ag cur sainoiliúint ar fáil i gcórais ola agus gháis, i gcórais millíní adhmaid agus ghréine, agus i gcórais gheoiteirmeacha agus teaschaidéil a shuiteáil, agus ar sheirbhís a dhéanamh ar na córais sin. Níorbh fhada ina dhiaidh sin go raibh sé ina cheannródaí sa réimse.

Faoi 2010, mar gheall ar an éileamh a bhí ar fhoinsí fuinnimh atá gan díobháil don timpeallacht, chuir an chuideachta lena sainchúram chun oiliúint a chuimsiú do chórais a úsáideann fuinneamh in-athnuaite.

Le maoiniú a cuireadh ar fáil arís eile trí Chomhpháirtíocht Laoise, rinne METAC infheistíocht i dtuirbín gaoithe 6KW 16 mhéadar agus shuiteáil sé é chun go bhféadfadh sé oiliúint a chur ar fáil san fhoinse fuinnimh 'ghlas' seo freisin.

Is é METAC Training an t-ionad oiliúna agus measúnaithe fuinnimh is mó in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Cuireann sé oiliúint ar 1,700 duine gach bliain i scileanna a bhfuil aitheantas náisiúnta tugtha ag SOLAS, QQI, City & Guilds, BLUEflame, Bord Gáis agus OFTEC dóibh.

Oibríonn oiliúnaithe uile na cuideachta sna tionscail a mbíonn siad ag teagasc iontu. Fágann sin go mbíonn siad bord ar bord leis na teicneolaíochtaí agus leis na ceisteanna is déanaí a bhféadfadh na rannpháirtithe déileáil leo.

Tá gradaim go leor buaite ag an gcuideachta ar chomh maith agus a d'éirigh léi - An Soláthraí Seirbhísí is Fearr ag Táirge an Taispeántais Fuinnimh de chuid Ghradaim Taispeántais 2016 san áireamh.

Bhuaigh METAC Ionad Oiliúna is Fearr OFTEC ag Gradaim Bharr Feabhais OFTEC in 2014 freisin agus is amhlaidh a bhí sé sa bhabhta ceannais i gCatagóir an Mhór-Ghaisce ag Gradaim Pluiméireachta agus Teasa 2017.









GNÓ

# CETA ag oscailt an gheata don uisce beatha

Ní miste le Louise McGuana a admháil nach aon saineolaí ar chúrsaí feirmeoireachta í, ach níl a sárú le fáil i dtaca lena heolas ar dhéanamh an uisce beatha. Ní haon ábhar iontais é sin nó mar gheall ar a gairm i dtionscal an óil, chónaigh sí i Nua Eabhrac, i bPáras, i Londain agus i Singeapór agus í ag obair le cuideachtaí ilnáisiúnta amhail Diageo, Pernod Ricard agus Moet Hennessy.

Tar éis di fiche bliain a chaitheamh ag obair le roinnt de na daoine is mó le rá sa tionscal, chinn Louise ar fhilleadh chun an bhaile chuig feirm an teaghlaigh i gCo. an Chláir agus a cuid scileanna a úsáid chun Chapel Gate Irish Whiskey Company a sheoladh.

> *"I ndeireadh na dála is táirge talmhaíochta é Uisce Beatha na hÉireann, cén fáth mar sin nach gcinnteoimis gur slán a bheidh an fheirm don chéad ghlúin eile agus an t-uisce beatha a bhailchríochnú agus blas na mblianta a chur air san áit speisialta seo,"* arsa sí.

Cuireann Chapel Gate Irish Whiskey blas na mblianta ar an uisce beatha, ealaín thraidisiúnta a chleacht bandaeirí uisce beatha blianta fada ó shin. Déanann sé é sin agus leas á bhaint as saineolas an lae inniu chun gurb ann arís do na blasanna a bhí ag déantóirí aonair uisce beatha a bhíodh á ól in Éirinn roimh 1900.

Cé nach fada uile atá an drioglann ar an bhfód, tá Chapel Gate ag dul i bhfeidhm go mór ar an tionscal. Ghlac Louise páirt i misean trádála na hÉireann thar lear le déanaí chun deiseanna nua a fhiosrú, deiseanna atá ann do ghnólachtaí de gach méid de bharr chomhaontú trádála nua an Aontais le Ceanada. A bhuí le CETA is fusa earraí agus seirbhísí a easpórtáil, rud a théann chun sochair do dhaoine agus do ghnólachtaí san Aontas agus i gCeanada araon agus tá an-dóchas ag Louise gur féidir leis dul chun sochair do Chapel Gate Irish Whiskey freisin.

> *"Cinnte dearfa!"* ar sise.
>
> *"Mar thoradh ar an turas tá dhá iarratas curtha isteach againn do dhá réigiún éagsúla cois fharraige thoir agus thiar, agus is dealraitheach go mbeimid inár gcónaí i gCeanada an samhradh seo."*
>
> *"Is margadh thar cionn é Ceanada d'uisce beatha na hÉireann agus is margadh é atá ag fás as cuimse. Dá réir sin, creidim gur fearrde muid comhaontú CETA i dtaca le cúrsaí cánachais de."*





45

SCÉAL



## AN COMHSHAOL

# Páirc réamhstairiúil an Chabháin

Agus í suite díreach lasmuigh de Bhaile Átha Gaibhleann in Iarthar álainn an Chabháin, tá Páirc Bhoirne an Chabháin aitheanta ar cheann de na tírdhreacha réamhstairiúla is fearr in Éirinn.

Is fada tábhacht nach beag leis an talamh miotasach spioradálta seo de shéadchomharthaí, de thuamaí meigiliteacha agus de bhallaí réamhphortaigh mar acmhainn ag seandálaithe agus ag geolaithe, ach sa lá atá inniu ann is iontach an áis ag teaghlaigh agus ag turasóirí é freisin.

Tá cúig chonair siúil shuimiúla ann mar a mhínítear do chuairteoirí an stair a bhaineann le lonnaíocht an duine - idir thuamaí na lonnaitheoirí Neoiliteacha Luatha agus tithe feirme feirmeoirí ón naoú céad déag.

Tá Páirc Bhoirne an Chabháin laistigh de Gheopháirc Dhomhanda Uaimheanna na hÁirse Marmair UNESCO, áit ar cúlra iontach iad na tírdhreacha áille ag gníomhaíochtaí mar rothaíocht, iascaireacht, canúáil agus uaimheadóireacht.

Cuirtear saoráidí picnice ar fáil freisin, agus tá ionad cuairteoirí thar cionn ann ina mínítear stair agus tábhacht Pháirc Bhoirne an Chabháin ó taobh na seandálaíochta, na geolaíochta agus an chultúir de.

Osclaíodh an t-ionad cuairteoirí i mí na Bealtaine 2014, tar éis do Border Uplands, tionscadal a dtacaíonn an tAontas leis, €1.4 milliún de mhaoiniú a thabhairt dó.

Baineadh leas as an maoiniú chun an t-ionad cuairteoirí léirmhíniúcháin a fhorbairt agus chun conairí ilrochtana a chruthú, rudaí a chuireann ar chumas na gcuairteoirí dul ag taiscéalaíocht i dtírdhreach an Chabháin a múnlaíodh 340 milliún bliain ó shin.

Thug an tionscadal Border Uplands maoiniú chun Conair an Chabháin a thógáil freisin, conair siúil 25km ón Damhshraith go Baile Átha Gaibhleann, agus thug sé maoiniú do thionscadail turasóireachta eile i gcontae an Chabháin, Fhear Manach, Liatroma agus Shligigh.

Tá Páirc Bhoirne an Chabháin á comhbhainistiú ag Coillte agus ag Comhairle Contae an Chabháin, agus in 2015 bhuaigh sí an Tionscadal Oidhreachta is Fearr ag Gradaim Phobail agus Chomhairle Uile-Éireann Chumann Comhaltaí na nÚdarás Áitiúil.









## AN COMHSHAOL

# Tionscadal caomhantais ag éirí san aer

Tá éan ann nach dtugann cuairt ach go hannamh ar Éirinn sa samhradh, agus tá an t-éan sin i mbaol, ach is é is aidhm do thionscadal suimiúil in Éirinn atá lonnaithe ar oileán beag amach ó chósta Bhaile Átha Cliath an t-éan sin a thabhairt slán ón mbaol.

Is speiceas tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta é an Gheabhróg Rósach álainn faoin Treoir maidir le hÉin agus faoi chiste LIFE an Aontais, agus tá Cairde Éanlaith Éireann ar thús cadhnaíochta sa chomhrac ar son a caomhnaithe.

Is ag deireadh na 1980í a chuir an eagraíocht chaomhantais an tionscadal ar bun ar Oileán Chloch Dábhiolla. Níor luaithe a chuir ná gur thug an eagraíocht faoi thearmann sábháilte a bhí saor ó aon suaitheadh a chruthú don éan mara caol faoina cleití cúnga bioracha, a heireaball fada gabhlach agus a gob biorach dubh.

Ó shin i leith, tá Cairde Éanlaith Éireann - a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus ó Choimisinéirí Soilse na hÉireann - ag leanúint de bheith ag cosaint agus ag déanamh faireachán ar éin mhara ghoir ar an oileán.

A bhuí leis an obair atá déanta acu, tá bainistiú déanta ar ghnáthóg neadaithe na nGeabhróg Rósach agus laghdaíodh, a mhéid is féidir, an suaitheadh atá ann agus tháinig méadú eile ar a líon dá réir.

Nuair a cuireadh tús leis an tionscnamh in 1989, ní raibh an t-oileán ag tacú ach le 152 phéire de Gheabhróg Rósach agus 108 bpéire de Gheabhróg. Faoi 2017, tháinig méadú suntasach ar an líon sin - go 1,597 bpéire den Gheabhróg Rósach agus 2,085 phéire den Gheabhróg. Toisc an líon éan atá ar Chloch Dábhiolla sa lá atá inniu ann, cuirfear biseach ar líon na n-éan goir i gcoilíneachtaí eile in Éirinn agus in áiteanna eile san Eoraip.


Sin an chúis ar bhain Tionscadal Caomhantais Gheabhróg Rósach na hÉireann áit amach i mbabhta ceannais i gcomórtas gradamach gradaim Natura 2000 an Aontais in 2018. Sin an chéad uair a d'éirigh le tionscadal de chuid na hÉireann an babhta ceannais a bhaint amach agus bhí lúcháir ar Chairde Éanlaith Éireann gur tugadh aitheantas agus onóir don obair ríthábhachtach aige.


> *"Is é Oileán Chloch Dábhiolla an fhoinse is tábhachtaí san Eoraip ag na héin áille seo anois, agus tá ról tábhachtach aige chun stoc nua a chur go nádúrtha i gcoilíneachtaí eile sa Bhreatain agus sa Fhrainc,"* a dúirt an Dr. Stephen Newton, Oifigeach Caomhantais Sinsearach na nÉan Mara de chuid na heagraíochta caomhantais.





SCÉAL





## AN COMHSHAOL

# Gairdíní EDEN

Meallann aer cumhra agus amharc tíre iathghlas na hÉireann na milliúin cuairteoirí in aghaidh na bliana.

Tá cáil ar ár dtimpeallacht shlán nádúrtha ar fud an domhain, ach uaireanta bíonn beagáinín cúnaimh ag teastáil ó chuairteoirí chun teacht ar na seoda ceilte atá breactha ar fud na tíre.

Is é is aidhm d'EDEN (Cinn scríbe Eorpacha Sármhaitheasa) samhlacha forbartha turasóireachta inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an Aontais, agus cuidíonn sé cuairteoirí a threorú chuig áiteanna in Éirinn ina mbíonn áiseanna den scoth atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

I measc na n-áiteanna úd tá Cairlinn agus leithinis Chuaille i gCo. an Lú - iarbhuaiteoir ghradam EDEN, agus ní aon ábhar iontais gur amhlaidh atá. Is beag nach iarsmalann allamuigh fhíorúil í Cairlinn ina bhfuil lorg Éire ré na meánaoise le sonrú go fóill. Bíonn teacht ar phroinnte den chéad scoth, ar earraí ceardaíochta, ar mhargaí agus ar chaifí caithiseacha ar a sráideanna duirlinge seanaimseartha.

Luaitear finscéalta léi freisin. Deirtear go bhfuil Fionn Mac Cumhaill ina luí ar thaobh Shliabh Feá agus a chosa leagtha aige i Loch Cairlinn, agus má chuireann tú stór sna scéalta béaloidis, tá ráflaí ann go bhfuil cnoc sí ar leithinis Chuaille, áit a bhfuil sióga na hÉireann ag cur fúthu.

Ba iad Cairlinn agus leithinis Chuaille buaiteoirí EDED i gcatagóir na turasóireachta agus na hoidhreachta inbhraite áitiúla. Aithníodh go bhfuil ardleibhéal nuálaíochta ann i réimse na turasóireachta áitiúla mar aon le tarraingteacht nádúrtha nach bhfuil a sárú ann.

Sheol an Coimisiún Eorpach tionscnamh EDEN in 2006, agus bíonn ról comhordúcháin ríthábhachtach aige i riar an chomórtais.

Áirítear lena thascanna dialóg i measc páirtithe leasmhara a spreagadh, nósanna imeachta roghnúcháin náisiúnta agus feachtais múscailte feasachta a chómhaoiniú, an searmanas gradam a eagrú agus feachtais chumarsáide chuimsitheacha a chomhordú.





SCÉAL







**AN COMHSHAOL**

# Portaigh ardaithe na hÉireann a athshlánú

Tá portaigh ardaithe na hÉireann i measc na n-éiceachóras beo is sine ar domhan agus is ann do go leor acu le beagnach 10,000 bliain.

Tá teacht orthu den chuid is mó i lár tíre agus meastar go gclúdaídís beagnach milliún acra talaimh tráth den saol. Tá níos lú ná 1% den fhigiúr sin fós ina phortach beo gníomhach feasta áfach, portaigh ar ghné uathúil iad de thírdhreach na hÉireann agus lena mbaineann luach nach beag don earnáil turasóireachta.

Tá athshlánú agus caomhnú de dhíth ar a bhfuil fágtha, dá laghad é, agus tá an tAontas Eorpach ag tabhairt cúnaimh le tionscadal a mhaoiniú darb aidhm beocht a chur ar ais in 12 cheann de phortaigh ardaithe uathúla na hÉireann i seacht gcontae ar fud an réigiúin lár tíre.

Tá tionscadal na bPortach Beo ar luach €5.4 milliún á mhaoiniú i bpáirt ag LIFE, ionstraim airgeadais an Aontais trína dtugtar tacaíocht do thionscadail chomhshaoil, caomhnú dúlra agus gníomhaíochta aeráide ar fud na hEorpa.

Tá an tionscadal bunaithe i gCo. na hIarmhí agus cuimsítear leis portaigh in Uíbh Fhailí, i Longfort, i Ros Comáin, i nGaillimh, i gCo. na Mí, sa Chabhán agus san Iarmhí.


Is ar thailte limistéar caomhantais speisialta (LCS) atá na portaigh go léir atá ainmnithe mar shuíomhanna Natura 2000, agus dá bhrí sin baineann siad le líonra idirnáisiúnta de limistéir chosanta.

Tá an Portach Beo ceaptha chun feabhas a chur ar 2,600 heicteár den ghnáthóg portaigh ardaithe atá i mbaol – coibhéis talaimh ar mó í ná 7,000 oiread Pháirc an Chrócaigh agus ar chóimhéid í le 18% den limistéar náisiúnta portaigh ardaithe.

Leis an tionscadal seo, athshlánófar tionscadal a thacaíonn leis na céadta speicis dhúchasacha, lena n-áireofar cinn atá i mbaol, an chearc fhraoigh chúthaileach agus an crotach cuir i gcás, mar aon le hinveirteabraigh, amfaibiaigh, feithidí annamha agus éagsúlacht dochreidte plandaí nach bhfuil le sonrú aon áit eile.

Tá an tionscadal á chur i gcrích i gcomhpháirt le húinéirí talaimh agus le pobail áitiúla, agus is féidir le mic léinn ar gach leibhéal cuairt a thabhairt ar shuíomhanna an tionscadail chun tuilleadh a fhoghlaim faoi na riasca uathúla sin.





## TOMHALTÓIR

# Leathanbhanda tapa le haghaidh cheantair thuaithe na hÉireann

Is iomaí baile agus sráidbhaile beag in Éirinn a d'fhulaing go mór faoi thionchar na heisimirce agus faoi mhíbhuntáiste i gcaitheamh na mblianta, ach tá deis ann do cheantair thuaithe todhchaí na hÉireann a shaibhriú.

Go deimhin, tá ról lárnach ag na ceantair sin chun geilleagar cliste inbhuanaithe a bheidh in oiriúint don 21ú Céad a fhorbairt.

Mar shampla, braitheann earnáil agraibhia rathúil na hÉireann ar phobail thuaithe agus tá réabhlóid theicneolaíoch faoi lánseol inti i láthair na huaire.

Is gá mear-nasc idirlín a bheith ann le haghaidh na nuálaíochtaí ardteicneolaíochta a úsáidtear i bhfeirmeoireacht bheachtais nua-aimseartha agus tá sé sin ar cheann de na cúiseanna go bhfuil rolladh amach an leathanbhanda faoin tuath ina thosaíocht i bpacáiste Mhargadh Aonair Digiteach an Aontais.

Ní chun tairbhe na hearnála agraibhia amháin a bheidh leathanbhanda tuaithe; cuirfidh sé ar chumas gnólachtaí beaga freisin nascadh le tomhaltóirí aon áit ar domhan agus ligfidh sé do theaghlaigh teacht ar sheirbhísí sláinte, oideachais agus siamsaíochta ar líne.


Tá sé beartaithe an bhearna dhigiteach idir ceantair uirbeacha agus thuaithe a laghdú trí leathanbhanda tapa nó sárthapa dar luas 100 Mbps a chur ar fáil ar fud an Aontais faoi 2025.


D'fhonn é sin a bhaint amach, tá ar gach Ballstát san Aontas, Éire ina measc, straitéisí leathanbhanda náisiúnta a dhréachtú.

Áirítear le Plean Leathanbhanda Náisiúnta reatha na hÉireann idirghabháil ón Rialtas, lena ndírítear ar nascadh limistéar nach bhfuil aon líonra tráchtála ann cheana agus gan aon bhrabús ann d'oibreoirí príobháideacha líonra den chineál sin a fhorbairt.

Cuimsítear sa Limistéar Idirghabhála 540,000 seoladh poist lena n-áirítear 52,057 feirm, 47,096 fiontar beag agus meánmhéide mar aon le 437 scoil.


Measann Rialtas na hÉireann go mbeidh teacht ag 77% den 2.3 milliún áitreabh in Éirinn ar leathanbhanda ardluais faoi dheireadh 2018. Meastar go mbeidh an figiúr sin chomh hard le 90% in 2020.





SCÉAL





## TOMHALTÓIR

# Spéir gan teorainn, aerthaisteal gan teorainn

Is cuimhin le cuid mhaith againn an uair nach raibh sé d'acmhainn ach ag lucht an rachmais agus ag daoine mór le rá taisteal ar an aer. I luach airgead an lae inniu, bhí costas thart ar €450 ar eitilt uair an chloig chuig an Ríocht Aontaithe, rud a d'fhágadh go gcaitheadh tromlach na dtaistealaithe 15 huaire an chloig nó níos mó ná sin ar an turas gearr trasna Mhuir Mheann ar mhodhanna iompair eile a bhí níos saoire, an bád, an bus nó an traein, mar shampla.

Ní raibh sé d'acmhainn ag gnáthoibrí dul ar laethanta saoire thar lear, agus bheadh airgead á choigilt ar feadh i bhfad sula bhféadfaí eitilt trasna an Atlantaigh. Na laethanta seo, tairgeann aerlínte eitiltí chuig an Ríocht Aontaithe ar phraghas chomh saor le €10, agus is féidir na tíortha grianmhara is mó éileamh le haghaidh laethanta saoire san Eoraip a bhaint amach ar chostas níos ísle ná béile i mbialann mhaith.

Is é Margadh Aonair Eitlíochta an Aontais is cúis leis an titim mhór sa chostas eitilte. Sular cruthaíodh é sin sna 1990í, bhí an t-aerthaisteal ina thionsclaíocht an-rialaithe faoi fhorlámhas ag iompróirí bratach náisiúnta agus ag aerfoirt faoi úinéireacht an stáit.

Bhain an margadh inmheánach na srianta tráchtála go léir ó na haerlínte a bhíonn ag eitilt laistigh den Aontas, rud a spreag iomaíocht ar bhealaí taistil agus a chóirigh an bealach d'aerlínte saora chun an earnáil a athrú ó bhun.

Ní hamháin go mbíonn eitiltí níos saoire a bhuí leis an Aontas Eorpach, ach bíonn siad níos sábháilte agus níos éifeachtúla freisin. Ó bhí 2004 ann, cuireadh le hinniúlachtaí an Aontais Eorpaigh maidir le bainistiú aerthráchta, ag iompú an phróisis chinnteoireachta a bhí ina chleachtas idir-rialtais go creat Aerspáis Eorpaigh Aonair an Aontais Eorpaigh.


Laghdaíonn sé sin an mhoill, cuireann sé leis na caighdeáin sábháilteachta, cuireann sé feabhas ar an éifeachtúlacht eitilte, laghdaíonn sé na costais, agus bíonn sé chun leas an chomhshaoil ós rud é gur fearr an bhainistíocht atá á déanamh ar an aerthrácht. Tá astaíochtaí díreacha de dheasca eitlíochta á laghdú freisin. Déantar faireachán ar na hastaíochtaí CO2 ó na haerlínte go léir atá ag feidhmiú san Eoraip agus laghdaíodh lorg carbóin na hearnála eitlíochta faoi bhreis agus 17 milliún tona sa bhliain.

Tá buíochas na dtomhaltóirí tuillte ag an Aontas freisin as rialacháin trína dtugtar cúiteamh suas le €600 i gcomaoin eitiltí a mbíonn moill orthu, eitiltí a chuirtear ar ceal nó a ndéantar ró-áirithint orthu, agus bíonn sé de cheart ag na paisinéirí aisíocaíocht suas le €1,220 a fháil má chuirtear cuid den bhagáiste amú orthu nó má dhéantar díobháil dó.

Dúirt príomhfheidhmeannach Ryanair, Michael O'Leary, gurb é Margadh Aonair na hEitlíochta an éacht is mó dá ndearna an tAontas le 25 bliana anuas.

> *"Laghdaigh sé táillí eitilte agus chuir sé ar chumas na saoránach taisteal go héasca ar fud na hEorpa,"* ar sé.
>
> *"Mar sin féin, is gá dúinn dul i ngleic le dúshláin sheanbhunaithe mar shampla scannal athstailceanna lucht rialaithe aerthráchta; stailceanna a chuireann isteach ar phleananna taistil na milliún daoine, agus cánacha creachacha eitlíochta agus monaplachtaí aerfoirt a bhíonn praghsáilte os cionn a luacha a dhíothú."*





SCÉAL

## TOMHALTÓIR

# Deireadh le táillí fánaíochta

Is deacair dúinn an saol a shamhlú gan an fón póca, ach is cuimhin le cuid mhaith againn nuair nach mbeadh fón póca ach ag lucht an rachmais de cheal acmhainní. Bhí na fóin iad féin costasach, ach dá mbeifeá ag taisteal ar fud na hEorpa chosnódh sé mám airgid glaonna a chur agus a fhreagairt.

Siar in 2006, d'fhéadfadh Éireannach ar saoire i Málta suas le €13.16 a íoc as glao ceithre nóiméad abhaile. Bhí costas mór ar ghlao a fhreagairt, agus oibreoirí móibíleacha ag gearradh 300-400% sa bhreis ar fhíorchostas an ghlao go rialta. Agus dá n-úsáidfí fón póca thar lear chun dul ar an idirlíon nó ríomhphoist a sheiceáil d'fhéadfaí billí gan choinne lena mbainfeadh na céadta euro a bheith i ndán don taistealaí nár úsáid ach líon beagán sonraí.

Ba cheist í ar mhian leis an Aontas dul i ngleic léi, agus nuair a thug sé faoin gceist, tháinig laghdú ar tháillí fánaíochta na bhfón póca. Tugadh rialacha isteach i dtosach chun teorainn a chur ar an méid a d'fhéadfadh soláthraí a ghearradh ar ghlaonna, ar théacsanna agus ar úsáid sonraí agus cuireadh deireadh le táillí fánaíochta faoi dheireadh an 15 Meitheamh 2017. Ní mór do sholáthraithe conradh "fánaíocht ar tháillí baile" (RLAH) a thairiscint do chustaiméirí mar réamhshocrú.

Cuimsíonn na rialacha maidir le "fánaíocht ar tháillí baile" seirbhísí sonraí, mar aon le glaonna gutha agus teachtaireachtaí SMS. Má tá conradh agat lena mbaineann sonraí neamhtheoranta, ní mór don oibreoir móibíleach a bhfuil tú leis líon mór sonraí "fánaíocht ar tháillí baile" a chur ar fáil duit agus do liúntas a chur in iúl duit.

Rinneadh suirbhé Eorabharaiméadair ar an bhfánaíocht a rinneadh tar éis an chéad samhraidh i ndiaidh deireadh a bheith curtha leis na táillí, agus léirigh an suirbhé sin go raibh méadú faoi dhó tagtha ar líon na dtaistealaithe a bhain úsáid as seirbhísí fánaíochta, agus iad ag taisteal, chomh minic is a dhéanaidís siad sa bhaile é. Dúirt breis agus 90% d'fhreagróirí Éireannacha go mbainfidís féin nó duine ar a bhfuil aithne acu tairbhe as deireadh a bheith curtha le táillí fánaíochta.

Líon na dtaistealaithe nár úsáid sonraí móibíleacha riamh, bhí laghdú dhá oiread orthu tar éis 15 Meitheamh 2017 (21%) i gcomparáid leis na míonna roimh an dáta sin (42%).



# Ár sonraí a choimeád sábháilte

Is ábhar iontais toirt na sonraí a bhíonn á dtraschur tríd an idirlín gach lá. Is faisnéis atá sa mhórchuid lena gcuirtear rudaí in iúl dúinn, lena dtugtar eolas dúinn agus lena n-eascaítear an saol ach is sonraí príobháideacha cuid de na sonraí sin, sonraí pearsanta nach mbímid ag iarraidh a chomhroinnt le cách.


De réir dhlí an Aontais ní ceadmhach sonraí pearsanta a thiomsú ach amháin má tá cuspóir dlisteanach leis an tiomsú sin, agus aon duine a thiomsaíonn faisnéis phearsanta agus a bhíonn ag bainistiú faisnéis phearsanta, ní mór dó í a chosaint ar mhí-úsáid. Tá rialacha níos láidre maidir le cosaint sonraí á dtabhairt isteach ar fud an Aontais in 2018 leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tá an Coimisinéar Cosanta Sonraí (CCS) in Éirinn ag tabhairt cúnaimh chun feasacht a mhúscailt faoi RGCS trí raon leathan tionscnamh, lena n-áirítear treoir a chur ar fáil chun cuidiú le heagraíochtaí iad féin a chur in oiriúint don dlí nua.

Tá suíomh idirlín ag an gCoimisinéar Cosanta Sonraí a bhaineann go sonrach leis RGCS ag www.GDPRandYou.ie inar féidir le gnólachtaí agus le daoine aonair fáil amach faoin tionchar a bheidh ag na hathruithe orthu féin. Ní bhaineann an RGCS le sonraí a phróiseálann daoine aonair ar chúiseanna pearsanta. Ní mór d'aon duine agus do gach gnólacht a choinníonn taifid ar chúiseanna gairmiúla nó tráchtála cloí leis na rialacha, nua nó d'fhéadfaí fíneálacha troma a ghearradh orthu.

Go bunúsach, ní féidir le heagraíochtaí ná le gnólachtaí sonraí pearsanta a thiomsú ach amháin na sonraí sin is gá dá gcuspóir sonrach féin agus ní mór dóibh insint do dhaoine aonair cad iad na sonraí a bhíonn á dtiomsú acu agus an chúis go bhfuil sé de dhíth orthu. Ní féidir leo na sonraí sin a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá agus ní mór dóibh cóip a chur ar fáil don duine aonair má iarrtar sin.

Dá bhrí sin, cuirtear lenár gcearta cosanta sonraí agus is féidir le daoine aonair na sonraí a bhíonn i seilbh eagraíochta fúthu a fháil amach agus ceangal a chur ar an eagraíocht na sonraí sin a cheartú, nó a scriosadh fiú mura bhfuil cúis dhlisteanach ann dóibh na sonraí a choinneáil. Ní ceadmhach feasta sonraí daoine aonair a úsáid le haghaidh cinnteoireacht uathoibríoch, próifíliú san áireamh, agus is féidir leo a gcuid sonraí a tharchur chuig eagraíocht eile más gá.

Tá sé de cheangal ar eagraíochtaí feasta cosaint sonraí a chur san áireamh agus córais nua á gceapadh acu, ionas nach bpróiseálfar ar bhonn réamhshocraithe ach na sonraí pearsanta sin is gá lena gcuid earraí nó seirbhísí a chur ar fáil. Ina theannta sin, ní mór nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag bailitheoirí sonraí d'fhonn sárú sonraí a bhrath, a thuairisciú agus a fhiosrú taobh istigh de 72 uair an chloig tar éis dóibh teacht ar an eolas faoin sárú.



SCÉAL





ÉIRE OS COMHAIR AN tSAOIL MHÓIR

# Misin tarrthála daonnúla

Tháinig buaicphointe ar ghéarchéim dhaonnúil trí bliana ó shin in 2015 nuair a tháinig 1.26 milliún duine éadóchasach chun na hEorpa ar lorg tearmainn ó na huafáis a bhí ag titim amach ina dtíortha dúchais, uafáis nach féidir leis an chuid is mó againne a shamhlú fiú. Ar an drochuair, níor éirigh le go leor imirceach talamh na hEorpa a bhaint amach ina mbeatha. Báthadh na mílte i bhfarraige i ndiaidh dóibh a bheith brúite isteach i mbáid róphlódaithe ag smuigléirí agus lucht gáinneála a bhí ag baint brabúis as a gcruachás.

Bhí gá le gníomh agus dáileadh maoiniú an Aontais le go mbeadh foireann bhreise agus tuilleadh acmhainní ar fáil do ghníomhaireachtaí líne tosaigh a théann i ngleic leis an ngéarchéim; Frontex agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta san áireamh.

Seoladh Oibríocht Sophia mar chuid de ghníomhaíochtaí an Aontais chun freagairt chuimsitheach a chur ar fáil i leith na géarchéime. Chomhlíon Éire a ról go leithleach an t-am sin trí mhisin dhaonnúla cuardaithe agus tarrthála a dhéanamh mar chuid de shocrú déthaobhach le rialtas na hIodáile, darbh ainm Oibríocht Pontus.

Faoi 2017, tarrtháladh breis agus 17,500 daoine a bhuí le rannpháirtíocht na hÉireann in Oibríocht Pontus. Shocraigh an Rialtas ina dhiaidh sin gur cheart go mbeadh Éire lánpháirteach le hOibríocht Sophia, agus fuarthas cead ó thithe an Oireachtais i mí Iúil 2017 long de chuid Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann a chur chun farraige mar chuid den oibríocht sin.


Tugadh aitheantas d'Fhórsaí Cosanta na hÉireann nuair a bronnadh an gradam Éireannaigh na Bliana orthu i mí na Nollag 2015 as an misneach mór agus teacht aniar a bhí iontu leis na mílte daoine a thabhairt slán ó mbás le linn na misin dhaonnúla sa Mheánmhuir.

An bhliain dar gcionn, bhronn Gluaiseacht na hEorpa, Éire an gradam Eorpach na Bliana ar Fhórsaí Cosanta na hÉireann as a rannpháirtíocht i n-oibríochtaí idirnáisiúnta síochánaíochta agus in obair dhaonnúil.

Tá Fórsaí Cosanta na hÉireann ag feidhmiú freisin i misean oiliúna AE atá ceaptha chun an bhagairt ó ghrúpaí sceimhlitheoireachta i Mailí a mhaolú agus an daonra atá ag cur faoi ann a chosaint.

Tá fiche duine sa phearsanra a cuireadh chuig EUTM Mailí chun tacaíocht a thabhairt in oiliúint a chur ar fhórsaí slándála Mhailí ionas gur féidir leo ord bunreachtúil daonlathach a athshlánú agus an choireacht eagraithe agus bagairtí sceimhlitheoireachta a dhíothú.





45 SCÉAL

## ÉIRE OS COMHAIR AN tSAOIL MHÓIR

# Ceol á bhaint as an saol ag Siriach in Éirinn

Níorbh eol don déantóir veidhlíní Almuthna Loulah céard a bhí i ndán dó nuair a d'aistrigh sé chun na hEorpa in 2016 i ndiaidh dó teitheadh ón Siria agus í á síorstolladh ag an gcogaíocht. Ba léachtóir coláiste le hinnealtóireacht talmhaíochta é céim mháistreachta díreach bainte amach aige in eolaíocht an bhia, agus é ag tabhairt faoi obair ar PHd nuair a d'fhág sé an baile.

D'imigh sé ó thuaidh chun na Tuirce agus ansin d'éirigh leis áit a fháil dó féin ar bhád plaisteach a bhí plódaithe go contúirteach chuig an oileán Gréigeach Lesbos, agus gan fhios aige an dtiocfadh sé slán as an turas cúig huaire an chloig trasna farraigí a bhí faoi bhruth contúirtí.

*"Chuala mé go gcailltear an-chuid daoine ar na báid sin ach ní raibh an dara rogha agam,"* a dúirt sé. *"Ba é an t-aon bhealach a bhí ann chun talamh slán a bhaint amach."*

Is maith mar a tharla, agus Al mar is fearr leis aithne a bheith air, tháinig sé slán ón turas. Ar theacht i dtír dó, tógadh é chuig áislann thiomanta in Moria a cuireadh ar bun ar an oileán chun cúnamh a thabhairt le teifigh a athlonnú ó Bhallstáit na líne tosaigh, an Ghréig mar shampla, chuig tíortha eile san Aontas. Chuir Al iarratas isteach trí chláir athlonnaithe agus athshuímh an Aontais, agus roghnaigh sé teacht go hÉirinn.

*"Bhí lúchair orm nuair a d'inis siad dom gur éirigh le m'iarratas,"* a deir sé. *"Agus tá mórtas orm a bheith in Éirinn anois."*

Nuair a tháinig Al anseo tógadh é chuig an Ionad Éigeandála Fáiltithe agus Treoshuímh (EROC) do theifigh i mBealach an Doirín, Co. Ros Comáin. Roimh i bhfad, thosaigh sé ag déanamh cairdis le hÉireannaigh agus thug sé faoi atógáil saoil, ach d'airigh uaidh na rudaí a thaitin leis a dhéanamh i Siria. Bhí déanamh veidhlíní ar cheann de na rudaí sin; rud a d'fhoghlaim sé nuair a bhíodh sé ag obair i gceardlann siúinéireachta a athar.

*"Ba chaitheamh aimsire é a thosaigh mé tar éis dom fear a fheiceáil ar an teilifís nuair a bhí mé i mo pháiste agus é ag seinm ar cheann acu,"* a deir sé.

D'fhoghlaim Al conas an uirlis cheoil a dhéanamh uaidh féin de dhroim tástála agus earráidí agus faoi dheoidh d'éirigh sé ina dhéantóir veidhlíní sainoilte. Le cúnamh ó roinnt cairde Éireannacha, déantóir veidhlíní ar scoir san áireamh a thug a chuid trealaimh dó mar bhronntanas, bhí Al in ann luí isteach ar mhian a anama athuair.

*"Chreid mé ionam féin, agus chreid mé go dtiocfadh rud éigin maith as dá rachfainn sa tóir ar mo bhrionglóidí,"* a deir sé.

Bheartaigh Al veidhlín a dhéanamh d'Uachtarán Mícheál D Ó hUiginn mar bhronntanas chun buíochas a ghabháil thar ceann mhuintir uile na Siria in Éirinn.

*"Cheap mé go mbeadh sé go han-dheas mar tá an chuma air domsa gurb ionann é agus athair mhuintir na hÉireann,"* a deir sé.

I mí Meán Fómhair 2017, tugadh cuireadh d'Al chuig Áras an Uachtaráin chun a veidhlín a bhronnadh go pearsanta ar Uachtarán Ó hUiginn.



# Uisce éillithe a dhéanamh sábháilte

Measann WHO agus UNICEF nach bhfuil soláthar iontaofa uisce glan le hól ag beagnach 660 milliún duine ar domhan.

Cónaíonn a leath acu sin i gceantair thuaithe san Afraic fho-Shahárach ina mbíonn siad ag bailiú uisce ó fhoinsí a bhíonn i mbaol a n-éillithe ó bhaictéar nó víreas.

Tá cuibhreannas ina bhfuil Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn agus Ollscoil Náisiúnta Éireann, Má Nuad, Co. Chill Dara san áireamh, ag obair faoi láthair áfach ar thionscadal atá á mhaoiniú ag an Aontas, cuibhreannas a d'fhéadfadh an fhadhb sin a réiteach.

Is é is aidhm do thionscadal WATERSPOUTT uisce sábháilte le hól a chur ar fáil do phobail atá ag brath ar fhoinsí uisce neamhshábháilte. Is é tasc an chuibhreannais clár forbartha teicneolaíche bunaithe ar ghrian-dífhabhtú a chur i gcrích.

Táthar ag baint leasa as na heolaíochtaí sóisialta agus as oideachas sa tionscadal chun sláinte agus marthanas i náisiúin Afracacha atá i mbéal forbraíochta a fheabhsú.

Tá an clár eolaíochta sóisialta faoi threoir ag an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA) ag Ollscoil Mhá Nuad.


Struchtúraíodh é chun athrú ó bhun a chur ar an teacht atá ar uisce sábháilte le hól i gceithre cheantar cás-staidéir san Afraic Theas, sa Mhaláiv, san Aetóip agus in Uganda.


Tá comhthéacs sóisialta, polaitiúil agus eacnamaíoch úsáid an uisce á anailísiú ag an bhfoireann eolaíochta sóisialta, anuas ar riachtanais agus leochaileacht sna ceithre phobal sin.


Déanfaidh an fhoireann iniúchadh ar éifeacht an chaidrimh idir inscní maidir le rialú acmhainní uisce freisin. Tá sé sin tábhachtach freisin toisc go bhfuil sé léirithe de bhun taighde go mbíonn tionscadail uisce a dheartar agus a reáchtáiltear le lánpháirtíocht na mban níos inbhuanaithe agus éifeachtaí.

Fuair tionscadal WATERSPOUTT maoiniú ó chlár taighde agus nuálaíochta Fhís 2020 an Aontais Eorpaigh.









## ÉIRE OS COMHAIR AN tSAOIL MHÓIR

# Éire in uachtar i Sead/CAR

Ó mhí Eanáir 2008 go mí an Mhárta 2009 ghlac fórsaí cosanta na hÉireann páirt in oibríocht mhíleata an Aontais in Oirthear Shead agus in Oirthuaisceart Phoblacht na hAfraice Láir (CAR) faoi shainordú a fuair siad ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

Bhí sé mar chuid de phacáiste beart a bhí ceaptha chun ról an Aontais a chur chun tosaigh maidir le dul i ngleic le géarchéim dhaonnúil in Darfur in iarthar na Súdáine in aice láimhe.

Ba é an Leifteanant-Ghinearál Patrick Nash as Éirinn a bhí i gCeannasaí Oibríochta an Aontais le haghaidh EUFOR Tchad/CAR agus d'éirigh sé ina ghníomhaí lárnach sa mhisean deacair sin, misean a raibh rath air faoi dheireadh áfach.

*"Ba é an príomhthasc a bhí agam, tar éis dom an cheannasaíocht a shealbhú, coincheap oibríochtaí, plean oibriúcháin agus rialacha comhraic a cheapadh sula bhféadfadh Comhairle an Aontais Eorpaigh iad a fhormheas,"* a deir sé.

*"Bhí ar dhuine a bheith aireach ar mhionsonraí an tsainordaithe d'fhórsa ón Aontas, mionsonraí a bhí éagsúil ó mhisin síochánaíochta na Náisiún Aontaithe ina mbeadh ceangal ann gan ach íosmhéid éigin a úsáid."*

B'fhairsing an bhagairt a bhí os comhair fhórsa an Aontais i gcroílár na hAfraice. Bhí an sceimhlitheoireacht ann go forleathan agus bhí grúpaí ina raibh breis agus 100 daoine ag scriosadh na tuaithe, ag déanamh slad ar dhaoine i mbailte beaga agus ag imirt díoltais ar threibheanna a gcéilí comhraic.

*"Faoin am a bunaíodh EUFOR Tchad/CAR bhí breis agus 255,000 teifeach ann agus 185,000 duine a bhí easáitithe ina dtír féin,"* ar an Lt-Ghinearál Nash agus é ag tabhairt imeachtaí an ama sin chun cuimhne.

*"I measc na dtoscaí, bhí an bhagairt ó Al-Quaeda freisin, go príomha mar gheall ar chliseadh iomlán ar smacht an dá rialtas."*

Anuas air sin, bhí ar Lt-Ghinearál Nash a bheith san airdeall ar mhíshocracht i bpríomhchathracha ar fud na hEorpa maidir le fórsa a chur chuig áit lenar bhain suaitheadh dá leithéid.

*"Bhíothas idir dhá chomhairle i gcuid de na príomhchathracha, agus ionas go bhféadfaí na daoine sin a thabhairt linn, b'éigean leas a bhaint as gach teagmháil taidhleoireachta, mhíleata agus pholaitiúil,"* a deir sé.

*"De bhrí nach raibh go leor héileacaptar, ospidéal ná cúlchiste straitéiseach ar fáil, cuireadh moill mhór ar mo chumas an dáta seolta a mholadh."*


*"Maidir le bonneagar, bhí séasúr na báistí á thuar, agus mura gcuirfí tús leis an obair in am, chuirfeadh sin an deis imscaradh a chur i gcrích ar fionraí go dtí an Fómhar in 2008."*

*"Faoi dheoidh, d'aontaigh mé an-chuid airgid a chur ar fáil chun tús a chur leis an tógáil i mí na Nollag 2007 ionas go bhféadfadh an misean dul chun cinn a dhéanamh."*

Seoladh an misean faoi dheireadh an 28 Eanáir, 2008, agus bhí éifeacht láithreach ag EUFOR ar dhaingniú na timpeallachta máguaird, rud a bhí i sainordú an mhisin. Ní haon ionadh é gur ábhar mórtais an rath a bhí ar EUFOR Tchad/CAR don Lt-Ghinearál Nash agus dar leis is mór an chúis 'buaileam sciath' d'Éirinn í.

*"Is féidir le hÉirinn a bheith bródúil as an gcinneadh polaitiúil páirt a ghlacadh sa mhisean agus as feidhmíocht na bhfórsaí cosanta dá éis sin,"* a deir sé.

*"Is maith an teist é an misean i dtaobh chumas an Aontais Eorpaigh, trí bheartas slándála agus cosanta lánfhorbartha agus lán-acmhainnithe, a bheith chun tosaigh ar fud an domhan sa chumas chun tionchar a imirt ar shíochán agus ar shlándáil ar leibhéal domhanda."*





An Coimisiún Eorpach

Le haghaidh tuilleadh sonraí déan teagmháil le:

Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn

Teach na hEorpa, 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath, D02 W710

Teil: +353 1 6341111   Suíomh gréasáin: www.euireland.ie   Ríomhphost: eu-ie-info-request@ec.europa.eu

www.twitter.com/eurireland

#EU45stories

www.facebook.com/EUIreland

https://www.instagram.com/euireland/

https://www.linkedin.com/company/eu-ireland/